Years of Support
2011 - 2021

# EASO Tuarascáil Ghinearálta Bhliantúil



# 2020

# EASO
# Tuarascáil Ghinearálta Bhliantúil
# 2020

Déantar cur síos sa tuarascáil ghinearálta bhliantúil seo ar na gníomhaíochtaí ar thug EASO fúthu sa bhliain 2020 agus ullmhaíodh an tuarascáil i gcomhréir le hAirteagal 29(1)(c) de Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn.

Ghlac Bord Bainistíochta EASO leis an tuarascáil seo ar an 11 Meitheamh 2021, agus seoladh cóip den tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún, an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach agus an Chúirt Iniúchóirí.
Glactar leis an tuarascáil ghinearálta bhliantúil mar dhoiciméad poiblí agus aistrítear an tuarascáil go gach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh.

Ní bheidh An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO) ná duine ar bith atá ag feidhmiú thar ceann EASO freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis seo a leanas.

PDF ISBN 978-92-9465-671-1 ISSN 2314-9825 doi:10.2847/21649 BZ-AD-21-001-GA-N

© An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn, 2021

Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse.

Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EASO a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

# Ábhar

**Liosta giorrúchán** 04

**Brollach** 05

**1. Tacaíocht oibríochtúil** 07
1.1 An Ghréig 09
1.2 An Iodáil 11
1.3 An Chipir 13
1.4 Málta 15
1.5 An Spáinn 17
1.6 An ghné sheachtrach 19

**2. Pleanáil oibríochtaí, meastóireacht agus uirlisí tacaíochta** 25
2.1 Tacaíocht oibríochtúil agus uirlisí oibríochtúla 26
2.2 Pleanáil, faireachán agus meastóireacht ar oibríochtaí 27
2.3 Oiliúint oibríochtúil 28
2.4 Tacaíocht ar archaighdeán d'oibríochtaí 31

**3. Eolas Tearmainn** 33
3.1 Faisnéis faoin tír thionscnaimh 34
3.2 Faisnéis leighis faoin tír thionscnaimh 35
3.3 Treoir thíre 37
3.4 Mol sonraí EASO 40
3.5 Clár taighde ar réamhrabhadh agus ar bhunchúiseanna 42
3.6 Anailís straitéiseach 44
3.7 Córas faisnéise agus doiciméadúcháin 46
3.8 Tuarascáil Tearmainn EASO 48

**4. Tacaíocht Tearmainn** 50
4.1 Próisis tearmainn 51
4.2 Comhoibriú téamach 53
4.3 Comhar le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí 57

**5. Oiliúint** 59
5.1 Curaclam oiliúna EASO 60
5.2 Deimhniú agus creidiúnú 64
5.3 Ríomhfhoghlaim agus bainistíocht caidreamh custaiméirí 66
5.4 Tacaíocht oiliúna eile 67

**6. Gníomhaíochtaí cothrománacha** 68
6.1 Comhar leanúnach le comhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta 69
6.2 An Fóram Comhchomhairleach agus an tsochaí shibhialta 70
6.3 Cumarsáid agus Imeachtaí 71

**7. Rialachas** 73

**Iarscríbhinní** 75
A.I. Struchtúr eagrúcháin EASO 76
A.II. Buiséad EASO sa bhliain 2020 77
A.III. Foireann EASO 79

# Liosta giorrúchán

| | |
|---|---|
| **AE** | An tAontas Eorpach |
| **AE+** | Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus tíortha comhlachaithe |
| **AST** | Foireann tacaíochta tearmainn |
| **CEAS** | An Comhchóras Eorpach Tearmainn |
| **CGB** | Ceartas agus Gnóthaí Baile |
| **COI** | Faisnéis faoin tír thionscnaimh |
| **DGMM** | An Ard-Stiúrthóireacht don Bhainistiú Imirce (An Tuirc) |
| **EAIP** | Díorma um idirghabháil tearmainn EASO |
| **EASO** | An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn |
| **EMN** | Gréasán Imirce na hEorpa |
| **EPS** | Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta |
| **eu-LISA** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF |
| **EUAA** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann |
| **Europol** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí |
| **Frontex** | An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta |
| **GAS** | Seirbhís Tearmainn na Gréige |
| **ICMPD** | An Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Beartas Imirce |
| **IDS** | Córas Faisnéise agus Doiciméadúcháin |
| **IOM** | An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce |
| **MedCOI** | Faisnéis leighis faoin tír thionscnaimh |
| **NAC** | An Coimisiún Náisiúnta Tearmainn |
| **NCP** | Pointe Teagmhála Náisiúnta |
| **UAM** | Mionaoisigh neamhthionlactha |
| **UNHCR** | Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe |

# Brollach

10 mbliana ó shin a cuireadh tús le feidhmiú iomlán na hOifige Tacaíochta Eorpaí do Chúrsaí Tearmainn (EASO). Tá neart dul chun cinn déanta ag an ngníomhaireacht i ndáil lena sainordú a chur i gcrích agus comhar praiticiúil a fheabhsú i measc thíortha AE+ i réimse an tearmainn agus an ghlactha, tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a bhfuil brú ar leith ar a gcórais tearmainn agus ghlactha, agus cabhrú leo a gcuid oibleagáidí Eorpacha agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh, is é sin cabhrú le daoine a bhfuil cabhair ag teastáil uathu.

Chruthaigh ráig phaindéim COVID-19 dúshláin ar fud an domhain nach raibh súil ar bith leo, ní hamháin na mílte imirceach atá ag triall ar ár dteorainneacha sa tóir ar thearmann. Mar ghníomhaireacht, b'éigean dúinn déileáil le cúrsaí go tapa agus go dúthrachtach ar mhaithe leis na daoine a bhfuil iarracht á déanamh againn iad a chosaint. Cuireadh módúlachtaí oibre nuálacha agus sábháilte chun feidhme go tapa i ngach réimse gníomhaíochta EASO d'fhonn leanúnachas gnó a chinntiú. Ag leibhéal oibríochtúil, leanadh ar aghaidh leis an bpleanáil agus leis an gcomhordú a chur i gcrích i ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta, agus laistigh de chreataí na dtreorach COVID-19 a eisíodh agus a nuashonraíodh go náisiúnta.

Ainneoin go bhfuil mé airdeallach ar na dúshláin a bheidh le sárú amach anseo, tá mé bródúil as an obair atá curtha i gcrích. É sin ráite, ní iarracht aontaobhach atá i gceist. Mar ghníomhaireacht, táimid ag brath go leanúnach ar shaineolas agus ar threoir a fháil ó bhord bainistíochta EASO, agus ar an dlúthchomhar lenár bpríomhpháirtithe leasmhara.



Ó ceapadh mé mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin EASO i mí Meithimh 2019, ábhar sástachta dom an fás atá tagtha ar EASO ní hamháin mar ionad tacaíochta agus saineolais, ach mar chomhpháirtí a bhfuil iontaoibh ag a pháirtithe leasmhara aisti. Agus anseo, cúis áthais dom freisin cur síos a dhéanamh ar an gcinneadh a rinne Parlaimint na hEorpa urscaoileadh EASO a dheonú i ndáil le cur chun feidhme a bhuiséid le haghaidh na mblianta airgeadais 2018 agus 2019.

Tá struchtúr eagrúcháin nua EASO, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir agus a leasaíodh ar an 4 Mheán Fómhair 2020, bunaithe ar chur chuige bunaithe ar riachtanais maidir le pleanáil, lena n-áirítear na hacmhainní daonna agus airgeadais a theastaíonn chun rialachas inmheánach EASO a threisiú agus cabhrú leis an ullmhúchán le haghaidh ról méadaithe na gníomhaireachta i gcur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CEAS). Sa bhliain 2020, agus ainneoin na ndúshlán nóis imeachta a chruthaigh paindéim COVID-19, d'fhás líon ball foirne EASO 28%, rud a chiallaigh go raibh 380 ball

foirne ag obair don ghníomhaireacht ag deireadh na bliana.
Maidir le tacaíocht oibríochtúil, ainneoin na ndúshlán a bhí le sárú in 2020, ní hamháin gur éirigh le EASO leanúint lena chuid oibríochtaí go héifeachtach san Iodáil, d'éirigh leis a láithreacht oibríochtúil agus tacaíocht don Chipir, don Ghréig agus do Mhálta a uas-scálú go suntasach. Chomh maith leis sin, comhaontaíodh ar an gcéad phlean oibriúcháin riamh idir EASO agus an Spáinn, rud ba chúis le leathnú oibríochtaí EASO chuig gach mórthír AE de theacht tosaigh. Chomh maith leis sin, soláthraíodh tacaíocht oiriúnaithe le forbairt acmhainne i bhfianaise phaindéim COVID-19 do thíortha comhpháirtíochta tosaíochta agus leagadh béim ar leith ar na Balcáin Thiar, an Tuirc, agus an Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh (MENA). Comhaontaíodh treochláir chomhair nua leis an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia.

D'fhonn an ganntanas saineolaithe i dtíortha AE+ a mhaolú, chuir EASO tús le mórthionscadal chun meicníochtaí imlonnaithe comhlántacha nua a shainaithint le haghaidh saineolaithe sna Ballstáit ina soláthraíonn EASO tacaíocht oibríochtúil dhíreach.

Tá níos mó aitheantais á thabhairt don ghníomhaireacht i ngeall ar an mbonn eolais atá aici maidir le tearmann agus glacadh i dtíortha AE+, atá ag feidhmiú mar phointe tagartha rialta do chinnteoirí agus do lucht ceaptha beartas a bhfuil faisnéis iontaofa, fhianaisebhunaithe agus thráthúil ag teastáil uathu i réimse an tearmainn agus an ghlactha. Soláthraíonn saineolaithe atá fostaithe chun tacaíocht theicniúil a sholáthar foinse luachmhar aschuir, lena n-áirítear trí phríomhthuarascálacha a fhoilsiú maidir le treoir tíre, faisnéis faoi thír thionscnaimh (COI), faisnéis leighis faoi thír thionscnaimh (MedCOI), agus Tuarascáil Tearmainn bhliantúil EASO. Anseo, is mian liom a lua gur cuireadh tionscadal ceithre bliana i gcrích anuraidh freisin, ar aistríodh gach seirbhís MedCOI chuig EASO dá thoradh. Chomh maith leis sin, cuirtear nuashonruithe míosúla ar fáil maidir leis na treochtaí tearmainn is déanaí i dtíortha EU+. Ó tharla go raibh tionchar suntasach ag COVID-19 agus ag bearta éigeandála gaolmhara eile i dtíortha AE+ agus tríú tíortha i rith 2020, d'eisigh EASO dhá thuarascáil speisialta, i mí Bealtaine agus i mí Meithimh 2020, maidir le 'Treochtaí Tearmainn agus COVID-19'.

In 2020, lean EASO le comhdhlúthú agus le hathstruchtúrú a churaclaim oiliúna d'oifigigh atá obair sa réimse tearmainn agus glactha, agus cinntíodh go bhfuil an oiliúint ábhartha do dhualgais agus do chúraimí na n-oifigeach tearmainn agus glactha. Mhéadaigh rannpháirtíocht i gcuraclam oiliúna EASO 5% in 2020 i gcomparáid le 2019, agus bhain breis is 4,000 duine tairbhe as Curaclam Oiliúna EASO in 2020.

Idir an dá linn, tá an ghníomhaireacht ag feitheamh ar fhaomhadh an togra chun a sainordú a nuashonrú agus é a aistriú go dtí Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA). I measc rudaí eile, beidh tionchar suntasach ag an sainordú nua ar an ngníomhaireachta a chumasú le bheith níos solúbtha, níos éifeachtaí, agus chun tacaíocht oibríochtúil thráthúil a chur ar fáil do na Ballstáit. Tríd an méid sin a dhéanamh, beidh EUAA níos oibríochtúla fós san obair atá á déanamh ar mhaithe le himirce náisiúnta agus AE a bhainistiú.

**Nina Gregori**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin EASO

# 1. TACAÍOCHT OIBRÍOCHTÚIL



Is léir ó thorthaí a d'eisigh EASO maidir le treochtaí tearmainn in 2020 gur laghdaigh na hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta a taisceadh i dtíortha AE+ 31 %[1], i gcomparáid le figiúirí 2019. Is léir ó na sonraí gur bhain an laghdú ar líon na n-iarratas – an leibhéal is ísle ar taifead ó 2013 – le ráig COVID-19, agus leis na srianta a bhunaigh tíortha chun srian a chur le tarchur, lena n-áirítear srianta ar shoghluaisteacht.



**In 2020, taisceadh 461,300 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i dtíortha AE+.**

**In 2020, laghdaigh líon na n-iarratas 31 % i gcomparáid le 2019.**




**Ba iad mionaoisigh neamhthionlactha (UAManna) féindearbhaithe a thaisc thart ar 4 % de gach iarratas ar chosaint idirnáisiúnta in 2020.**

*Sháraigh cinntí tearmainn AE an líon iarratas den chéad uair ó 2017 mar gheall ar COVID-19, ar an 18 Feabhra 2021.*

Ainneoin na ndúshlán gan choinne a chruthaigh paindéim COVID-19 in 2020, lean EASO go héifeachtach lena oibríochtaí san Iodáil, agus cuireadh dlús suntasach lena láithreacht oibríochtúil agus leis an tacaíocht a bhí á cur ar fáil don Chipir, don Ghréig agus do Mhálta. I dtéarmaí cinneadh stádais céadchéime, a bhfuil an tír óstach freagrach as, thacaigh EASO go gníomhach leis an gCipir, leis an nGréig agus le Málta leis an nós imeachta agallaimh agus le dréachtú na mbarúlacha clabhsúir. San Iodáil, in 2020 tugadh athrú suntasach faoi deara ó thacaíocht le haghaidh údarás náisiúnta a bhí freagrach as cinntí céadchéime go dtí tacaíocht le haghaidh údarás an dara céim.

Ba iad oibrithe gníomhaireachta sealadacha (foireann na gníomhaireachta) go príomha a chuir na gníomhaíochtaí tacaíochta a bhí pleanáilte i bPleananna Oibriúcháin 2020 a comhaontaíodh go frithpháirteach agus/nó acmhainní EASO chun feidhme, agus baineadh tairbhe as saineolaithe ó Bhallstáit áit ab fhéidir freisin (cuireadh imlonnú saineolaithe ó Bhallstáit ar fionraí le haghaidh tréimhse shuntasach i rith 2020).

I gcomhthéacs na paindéime leanúnaí, chomh maith leis sin chabhraigh EASO le hullmhú Treoir maidir le cur chun feidhme fhorálacha ábhartha AE i réimse an tearmainn agus nósanna imeachta fillte agus athlonnaithe an Choimisiúin Eorpaigh, agus foilsíodh Moltaí praiticiúla maidir leis an agallamh pearsanta a reáchtáil go cianda.




1 - AE27 móide an Iorua agus an Eilvéis.

# 1.1
# An Ghréig

Ainneoin na ndúshlán a chruthaigh paindéim COVID-19, sholáthair EASO tacaíocht iomlán don Ghréig trí imlonnú foirne ildisciplíneacha, sreafaí oibre oiriúnaithe agus modhanna solúbtha idirghabhála, i mbreis is 40 suíomh difriúil ar mhórthír na Gréige agus ar a cuid oileán.

Cuireadh tacaíocht ar fáil don tSeirbhís Ghlactha agus Sainaitheanta trí Dheasc Chabhrach Fiosrúchán a bhunú ar na hoileáin agus i mórthír na Gréige.

Bhí príomhról ag EASO i gcomhordú scéim dheonach nua a bhí dírithe ar athlonnú UAManna, leanaí leochaileacha agus a dteaghlaigh.

Bhí tionchar suntasach ag ráig COVID-19, mar aon le fachtóirí gaolmhara eile ar an líon daoine a shroich an Ghréig. Bhí sé sin mar bhonn le laghdú measta 50% (40,500 iarratas) sa líon iarratasóirí nua ar chosaint idirnáisiúnta i gcomparáid le figiúirí 2019. Ainneoin laghdú a bheith tagtha ar líon na n-iarratasóirí nua, thacaigh EASO le breis is 5,000 iarratas amach as Baile Átha Cliath agus chabhraigh EASO le 3,400 comhad achomhairc (dara céim) a ullmhú.

Go deimhin, in 2020, chuir EASO go suntasach leis an méid tacaíochta oibríochtúla agus lena láithreacht sa Ghréig i gcomparáid le leibhéil 2019. Bhí tionchar suntasach aige seo ar chur chun feidhme [Phlean Oibriúcháin agus Cúnaimh Theicniúil na Gréige 2020](). San iomlán, imlonnaíodh 639 saineolaí sonrach ag a raibh próifílí difriúla sa Ghréig in 2020.

Bhí an dlí tearmainn nua, ar ghlac rialtas na Gréige leis in 2019, mar bhonn le hathrú suntasach i ndáil le comhordú oibríochtúil agus ról fhoirne tacaíochta tearmainn EASO (ASTanna). I ndiaidh an athraithe seo, agus de réir na módúlachtaí oibríochtúla nua, d'oibrigh na ASTanna faoi mhaoirseacht dhíreach údaráis fhreagracha na Gréige.

Chomh maith leis sin, d'oibrigh EASO i ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta chun an riaráiste iarratas i dtuaisceart na Gréige a laghdú (Tionscadal an Tuaiscirt). Reáchtáladh beagnach 18,500 agallamh mar chuid den iarracht seo, agus dhréachtaigh pearsanra EASO 16,400 barúil clabhsúir. Ag an am céanna, déileáladh leis an riaráiste agallamh ar fud fhormhór d'oileáin na Gréige roimh dheireadh na bliana.



Díríodh aird ar leith ar phleanáil agus ar bhainistiú an chórais náisiúnta trí thacú le Seirbhís Ghlactha na Gréige.
I mí Meithimh 2020, thosaigh EASO ag cabhrú leis an scéim dheonach nua athlonnaithe le haghaidh UAManna, leanaí leochaileacha agus a dteaghlaigh. Reáchtáil EASO 4,627 agallamh agus cuireadh breis is 4,440 measúnú i gcrích. D'éascaigh sé seo tacú le breis is 3,352 duine aonair faoin scéim trí úsáid a bhaint as critéir bhunaithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le cén Ballstát athlonnaithe a bhféadfaí iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta a aistriú chuige. Faoi dheireadh 2020, bhí níos mó ná 1,850 aistriú ón nGréig chuig 10 mBallstát rannpháirteacha curtha i gcrích.

**Chuige sin, d'imlonnaigh EASO foirne ildisciplíneacha - leochaileachta, glactha agus saineolaithe ar UAManna - chuig gach Ionad Sainaitheanta Glactha (RICanna) ar na hoileán agus ar mhórthír na Gréige chun seilbh a ghlacadh ar bhainistíocht 32 suíomh difriúil.**



# 1.2
# An Iodáil

Ba í an Iodáil an dara tairbhí is mó de thacaíocht oibríochtúil EASO in 2020.

Cinntíodh go raibh tacaíocht leantach á cur ar fáil i ndáil le caighdeán agus caighdeánú nósanna imeachta tearmainn trí mhisin oiliúna a chur chun feidhme, seirbhís deisce cabhraí a bhunú le aghaidh oifigí inimirce cianda, agus imlonnú oifigeach an Chórais Faisnéise Glactha chuig na maorachtaí a raibh an tionchar is mó ag líon méadaithe daoine isteach orthu in 2020.

Bhí cur chun feidhme rathúil tionscadal píolótach a thacaigh le sé bhinse ag tús 2020, mar bhonn le síneadh a chur leis an mbeart tacaíochta chuig 26 rannóg Speisialta de bhinsí agus chuig Cúirt Uachtarach um Achomharc agus Oifig an Phríomh-Ionchúisitheora.

Mar thoradh ar ráig COVID-19 agus bearta sriantacha sealadacha a bheith á gcur i bhfeidhm san Iodáil, cuireadh gach gníomhaíocht aghaidh ar aghaidh ar fionraí i lár mhí Feabhra 2020, cinneadh a raibh tionchar suntasach aige ar chur chun feidhme beart faoi Phlean um Chúnamh Oibríochtúil agus Teicniúil 2020 na hIodáile. Bhí an cás seo mar bhonn le pleananna teagmhasacha a bheith á nglacadh i mí Márta 2020, agus leasú ina dhiaidh sin ar phlean 2020, fianaise ar



Grianghraf Beto: iStock


mhódúlachtaí oibre nuálacha agus sábháilte a bheith in úsáid ar mhaithe le pearsanra EASO agus iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, go háirithe in ionaid ghlactha.

Rinneadh tacaíocht EASO a scálú anuas ag an gcéad chéim in 2020, agus rinneadh iarrachtaí de réir a chéile tacú le 21 díbhordáil agus athlonnú deonach ad hoc de réir na mbuan-nósanna imeachta oibríochta (100% de na hiarratais ó Bhaill Stáit agus ó Choimisiún na hEorpa).

I mí Eanáir 2020, seoladh tionscadal píolótach faoi Phlean um Chúnamh Oibríochtúil agus Teicniúil 2020 na hIodáile chun tacú le rannóga speisialaithe bhinsí na hIodáile agus le laghdú ar an riaráiste cásanna ag an dara céim. Chinntigh imlonnú 55 Oifigeach Taighde go raibh achomhairc ag an dara céim breis is 10,000 duine á bpróiseáil (den chuid is mó trí chomhaid a ullmhú le haghaidh éisteachtaí breithiúnacha, réamhstaidéar ar chásanna, taighde breithiúnach, agus sceidealú mar chuid den ullmhúchán le haghaidh éisteachtaí).

I mí Dheireadh Fómhair 2020, thosaigh EASO ag tacú leis an gCúirt Uachtarach um Achomharc agus le hOifig an Phríomh-Ionchúisitheora freisin, ag díriú go príomha ar ullmhú comhad.

### *Forbairt ar thacaíocht EASO do Rannóga Speisialaithe Binsí in éisteachtaí breithiúnacha*




D'éascaigh EASO tacaíocht a chur ar fáil chun nósanna imeachta inmheánacha agus bainistiú cáis an Choimisiúin Náisiúnta Tearmainn (NAC) a neartú, faoin Roinn um Shaoirsí Sibhialta agus Inimirce, trí chaighdeán thaighde COI a fheabhsú agus trí uirlisí oibríochtúla a fhorbairt le haghaidh bainistíocht ar ardchaighdeán nósanna imeachta airgeadais agus soláthair.

## Chabhraigh imlonnú leanúnach shaineolaithe EASO in Aonad Bhaile Átha Cliath le 1,883 iarratas amach as Baile Átha Cliath a phróiseáil, agus le forbairt ábhar agus uirlisí eolasacha chun tacú le nósanna imeachta Bhaile Átha Cliath.

In 2020, leanadh le tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil chun caighdeán agus caighdeánú nósanna imeachta clárúcháin a fheabhsú. Chabhraigh bunú modheolaíocht féinmheasúnaithe feabhsaithe, forbairt uirlisí faireacháin ad hoc agus cur chun feidhme misean oiliúna ad hoc go mór leis an obair seo.

Tá EASO ag leanúint ag cur leis na hiarrachtaí seo faoi Phlean Oibriúcháin 2021 na hIodáile, agus tá béim á leagan ar chur chun feidme sreafaí oibre clárúcháin cianda.  Deimhnítear i bplean 2021 freisin tacaíocht leanúnach EASO do bhainistíocht ghlactha agus do ghníomhaíochtaí féinfhaireacháin; sreafaí sonraí maidir le leithdháileadh díbhordála agus glactha; tacaíocht leanúnach le haghaidh nósanna imeachta an dara céim (i mbinsí agus sa Chúirt um Achomharc) agus teagmhais díbhordála cuardaigh agus tarrthála, trí chomhordú le húdaráis na hIodáile agus le Coimisiún na hEorpa.

# 1.3 An Chipir

Tionscnaíonn EASO tacaíocht le haghaidh údarás an dara céim.

Forbairt agus cur chun feidhme sreafaí oibre cianda don nós imeachta agallaimh, mar aon le digitiú iomlán chomhaid tearmainn EASO.


Tacú le húdaráis na Cipire le hathlonnú ad hoc 30 duine aonair leochaileach (14 UAM agus 16 ball de theaghlaigh aontuismitheora) ón gCipir go dtí an Fhionlainn.

Sa chéad dá mhí den bhliain, roimh chur ar fionraí sealadach gníomhaíochtaí clárúcháin mar thoradh ar ráig COVID-19, bhí an brú imirce ar chóras tearmainn na Cipire fós ard.

Thacaigh EASO le húdaráis náisiúnta na Cipire le 75 % de gach iarratas a taisceadh in 2020 a chlárú. Lean cion na n-iarratas a bhfuil EASO ag tacú leo ag méadú i gcomparáid le blianta roimhe seo (55% in 2018 agus 70% in 2019), deimhniú ar an bpríomhról atá ag EASO i ndáil le tacú le hacmhainn chlárúcháin na Cipire. Bhain beagnach dhá thrian de na clárúcháin ar fad a rinne pearsanra EASO le daoine a chuaigh isteach sa Chipir go mídhleathach.

Ar aon dul leis na blianta roimhe seo, braitheadh formhór na ndaoine a tháinig isteach sa Chipir ag an Líne Ghlas (92%), agus tháinig beagnach 500 imirceach i dtír ar muir.

*An líon iomlán brath trasnuithe teorann mídhleathach de réir cineáil, 2020*




Lean EASO ag tacú le Seirbhís Tearmainn na Cipire (CAS) le bainistiú agus laghdú an riaráiste cásanna céadchéime. Mar fhreagairt do shrianta COVID-19, rinne EASO iniúchadh gan mórán moille ar roghanna malartacha chun iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil go héifeachtach. Ó Aibreán 2020 ar aghaidh, d'éirigh le cásoifigigh EASO agallaimh tearmainn a dhéanamh go cianda, agus reáchtáladh agallaimh eile aghaidh ar aghaidh agus tugadh aird ar chreataí náisiúnta scartha shóisialta. Nuair a imlonnaíodh cásoifigigh EASO, mhéadaigh an líon agallamh a rinneadh i rith an tsamhraidh go suntasach, agus laghdaigh siad níos faide anonn i mí na Samhna 2020 mar gheall ar an dara tréimhse den phaindéim. Faoi mhí na Nollag 2020, mhéadaigh an líon de réir a chéile arís nuair a cuireadh tús an athuair le módúlachtaí cianoibre.

Chomh maith leis sin, thacaigh EASO le CAS chun dálaí glactha a fheabhsú trí ghníomhaíochtaí pobail agus oibre sóisialta i Kofinou.



**In 2020, thionscain EASO tacaíocht le haghaidh údaráis an dara céim - an Chúirt Riaracháin um Chosaint Idirnáisiúnta - chun an riaráiste a laghdú agus caighdeán ullmhú na gcomhad a fheabhsú trí iasachtú oifigeach taighde, malartú faisnéise idir piaraí, agus gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla breithiúnacha.**

I mí na Nollag 2020, síníodh Plean Oibriúcháin nua le haghaidh 2021, deimhniú maidir leis an mbéim leantach agus láidir atá á leagan ar laghdú riaráiste ag an gcéad chéim agus ag an dara céim. Dírítear sa Phlean go háirithe ar dhigitiú comhad tearmainn, agus tugtar aird ar leith ar dhearbhú cáilíochta agus ar leochaileacht, agus tacaítear le forbairt straitéis náisiúnta cuimsitheach agus plean le haghaidh bainistiú glactha.

# 1.4 Málta



Méadaíodh an méid tacaíochta oibríochtúla atá á cur ar fáil do Mhálta go suntasach in 2020, agus chláraigh saineolaithe imlonnaithe EASO breis is 90% de gach iarratas a taisceadh.



Thionscain EASO tacaíocht le haghaidh na n-údarás glactha náisiúnta i réimse na measúnuithe aoise, agus leanfar leis seo in 2021 faoin bPlean Oibriúcháin chomhaontaithe a síníodh idir EASO agus Málta.

Cuireadh leis an méid tacaíochta atá á cur ar fáil ag EASO do Mhálta i rith an dara leath de 2020, i ndiaidh scaoileadh de réir a chéile na mbeart sriantach a forchuireadh i rith mhíonna tosaigh na bliana mar thoradh ar COVID-19. Bhí an tacaíocht a cuireadh ar fáil chun déileáil leis an riaráiste iarratas ag an gcéad chéim mar bhonn le hocht gcinneadh as deich gcinneadh a bheith ag fáil tacaíochta ó mheastóireachtaí a chuir cásoifigigh EASO i gcrích.

Chomh maith leis sin, chuir EASO tacaíocht ar fáil d'Aonad Bhaile Átha Cliath Mhálta chun meastóireacht a dhéanamh ar nósanna imeachta agus ar ghníomhaíochtaí gaolmhara eile, lena n-áirítear gach iarratas ar ghabháil ar láimh chuig tíortha AE+ a chur i gcrích. I dtreo dheireadh 2020, chuir EASO leis an méid tacaíochta atá á soláthar aici agus cuireadh tús le dréachtú aighneachtaí achomharc chuig an mBinse Achomhairc um Chosaint Idirnáisiúnta, agus leanfar leis an obair seo in 2021.

I mí Meithimh 2020, d'éascaigh EASO bunú dheasc chabhrach COI i Málta, agus earcaíodh pearsanra tiomnaithe chun obair a dhéanamh ar fhiosrúcháin a fuarthas ón réimse cuí. Chomh maith leis sin, reáchtáil an deasc chabhrach seisiúin faisnéise tíre maidir leis an mBanglaidéis, an Libia agus Veiniséala.




*Bunaíodh ocht gcoimeádán oifige nua i dtreo dheireadh 2020 mar iarracht cur le hacmhainn EASO clárúcháin a dhéanamh agus agallaimh a reáchtáil.*

Mar chuid den tacaíocht phleanáilte d'údaráis Mhálta i ndáil le bainistiú an chórais ghlactha, chuir saineolaithe EASO tús freisin le scagadh leochaileachta an phobail chónaitheora in ionaid oscailte. Bhí an beart seo mar bhonn le breis is 200 measúnú leochaileachta a bheith curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana. Ar an 10 Meán Fómhair, shínigh EASO agus Málta Leasú ar an bPlean Oibriúcháin, a áiríodh ann, i measc beart eile, tacaíocht le haghaidh údarás glactha measúnuithe aoise a dhearadh agus a dhéanamh. Faoi dheireadh na bliana, bhí na buan-nósanna imeachta oibríochta dréachtaithe, agus bhí sé beartaithe tús a chur leis na chéad ghníomhaíochtaí tacaíochta sa réimse in 2021.

**Chomh maith leis sin, thacaigh EASO leis na húdaráis náisiúnta le sé chleachtadh dheonacha athlonnaithe, a raibh teacht isteach daoine a bhain le 16 theagmhas SAR i gceist leo.**

I mí na Nollag 2020, comhaontaíodh an Plean Oibriúcháin le haghaidh 2021 idir EASO agus Málta agus leagadh béim ar leith ar thearmann (rochtain feabhsaithe ar an nós imeachta tearmainn i Málta agus acmhainn mhéadaithe chun an riaráiste tearmainn a bhainistiú ag cinneadh céadchéime) agus ar ghlacadh (acmhainn feabhsaithe chun caighdeáin fáilithe a chur chun feidhme de réir CEAS).

Le cois leanúint ar aghaidh leis na gníomhaíochtaí tacaíochta ó 2020, soláthraítear i bplean 2021 tacaíocht EASO le haghaidh digitiú na gcomhad páipéir reatha tearmainn, cás gnó a fhorbairt le hagaidh córas bainistithe cásanna do Ghníomhaireacht um Chosaint Idirnáisiúnta Mhálta agus don Ghníomhaireacht um Leas Iarrthóirí Tearmainn (AWAS), feabhsú na hacmhainne oibre sóisialta agus tuilleadh tacaíochta don nós imeachta measúnaithe aoise.



PeopleImages: iStock

# 1.5
# An Spáinn

Cuireadh Mearmheasúnú Comhpháirteach ar Riachtanais i gcrích le húdaráis na Spáinne i réimse an ghlactha.

An Chéad Phlean Oibriúcháin – Tacaíocht Speisialta maidir le Glacadh sínithe ag EASO agus ag an Spáinn i mí na Nollag 2020.



Mar fhreagairt d'iarratas tosaigh ón Spáinn, chomhaontaigh EASO agus údaráis na Spáinne mearmheasúnú comhpháirteach ar riachtanais a dhéanamh ar an gcóras fáilithe náisiúnta, i gcomhpháirt leis an Aireacht um Chuimsiú. Reáchtáladh an cleachtadh seo i rith Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair 2020 agus go gairid ina dhiaidh sin thángthas ar chomhaontú agus síníodh Plean Oibriúcháin – Tacaíocht Speisialta maidir le Glacadh i mí na Nollag 2020.

Tá an Plean Oibriúcháin, atá le cur chun feidhme in 2021, bunaithe ar chúig bheart shonracha (ceithre bheart i réimse an ghlactha agus beart amháin i réimse na hathlonnaíochta):

i. Éascaíodh tacaíocht d'údaráis na Spáinne leis an aistriú i dtreo samhail nua glactha.


ii. Struchtúir eagraíochtúla agus córais ghaolmhara atá le forbairt chun an tsamhail ghlactha nua le haghaidh chóras glactha na Spáinne a chur chun feidhme.

iii. Acmhainn neartaithe laistigh de chóras glactha na Spáinne trí fhorbairt ghairmiúil, uirlisí agus ábhair.

iv. Acmhainn feabhsaithe chun seirbhísí glactha a thairiscint ag suíomhanna atá faoi réir brú ar leith (agus béim ar leith a leagan ar na hOileáin Chanáracha).

v. Tús a chur le tacaíocht a chur ar fáil d'údaráis na Spáinne chun comhlíonadh a ngealltanas athlonnaíochta a éascú.

# Tá tacaíocht EASO d'údaráis ghlactha na Spáinne lánoibríochtúil



# 1.6 Gné Sheachtrach

An Líonra um Chomhar le Tríú Tíortha agus an Líonra um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil bunaithe agus gníomhach.

Mar fhreagairt do shrianta COVID-19, chuir an tSaoráid Tacaíochta Athlonnaithe in Iostanbúl tacaíocht oiriúnaithe ar fáil do thíortha AE+ atá ag athlonnú ón Tuirc.

Cuireadh tacaíocht oiriúnaithe le forbairt acmhainne i bhfianaise phaindéim COVID-19 ar fáil do thíortha comhpháirtíochta tosaíochta agus leagadh béim ar leith ar na Balcáin Thiar, an Tuirc, agus an Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh (MENA).

Tá ról tábhachtach ag EASO sa Ghné Sheachtrach de CEAS trí thacú le bunú córas tearmainn agus glactha agus/nó iad a neartú. Tá ról lárnach chomh maith ag an tacaíocht atá á tabhairt ag EASO do thíortha AE+ lena n-iarrachtaí athlonnaíochta.
In 2020, chuir EASO céimeanna i gcrích chun tionchar phaindéim COVID-19 ar a gníomhaíochtaí a mhaolú. D'éascaigh úsáid a bhaint as módúlachtaí ar líne agus réitigh nuálacha leanúint go héifeachtach le hobair EASO i réimse na Gné Seachtraí den obair.

Áiríodh i measc na bhforbairtí ábhartha tús gníomhach a chur le Líonra um Chomhar le Tríú Tíortha agus an Líonra um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil; oiriúnú na hoibre agus na tacaíochta a chuirtear ar fáil do thíortha AE+ ag Saoráid Tacaíochta Athlonnaithe Iostanbúl mar fhreagairt do COVID-19; agus tacaíocht le forbairt acmhainne oiriúnaithe do COVID le haghaidh tríú tíortha.



AndreyPopov: iStock

# Athlonnú agus conairí dlíthiúla eile i dtreo cosaint idirnáisiúnta

**Tacaíocht do thíortha AE+ tríd an Líonra um Athlonnú agus um Ligean isteach ar Fhoras Daonnúil.**

**Leanadh ar aghaidh le hoibríochtaí na Saoráide Tacaíochta Athlonnaithe in Iostanbúl.**

**Bunaíodh Meitheal um Urraíocht Phobail.**



Grianghraf: iStock

Tacaíonn EASO le cur chun feidhme iarrachtaí athlonnaithe thíortha AE+ i gcreat na scéimeanna athlonnaithe Eorpacha, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR), an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM), agus gníomhaithe ábhartha eile. Éascaíonn sé seo iarrachtaí thíortha AE+ i ndáil le rochtain a thabhairt do dhaoine a dteastaíonn cosaint idirnáisiúnta ar an AE agus leagtar béim ar athlonnú agus ar chonairí dlíthiúla eile na cosanta idirnáisiúnta.

## Líonra um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil



Bhí Líonra um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil EASO ag feidhmiú in 2020 agus eagraíodh 12 ghníomhaíocht i rith na bliana. D'éirigh ról an líonra níos ábhartha i bhfianaise phaindéim COVID-19, agus speag gníomhaíochtaí an líonra leanúint le hoibríochtaí athlonnaithe trí réitigh nuálacha, cosúil le próiseáil chianda agus/nó sainchomhaid a chuir isteach.

## Treoirthionscadal na Saoráide Tacaíochta Athlonnaithe



Tacaíonn EASO le hoibríochtaí athlonnaithe thíortha AE+ ón Tuirc tríd an tSaoráid Tacaíochta Lonnaíochta (RSF) atá lonnaithe in Iostanbúl. Soláthraíonn EASO raon seirbhísí lóistíochtúla bunaithe ar rogha thíortha AE+ agus próisis athlonnaithe treoshuímh chultúrtha /treoshuímh chultúrtha réamhimeachta. D'fhéadfaí go n-áireofaí ina measc seo iompar agus cóiríocht dídeanaithe, seomraí le haghaidh agallamh agus oiliúna, agus cúram leanaí i measc nithe eile, faoi réir riachtanas na tíre AE+.

Mar fhreagairt do phaindéim COVID-19, chuir RSF a bonneagar agus a hoibríochtaí in oiriúint chun tacú le próiseáil chianda. Is éard a bhí mar thoradh leis seo gur leanadh le hoibríochtaí athlonnaithe ó Iostanbúl ainneoin gur cuireadh isteach ar an hoibríochtaí ag tús na paindéime.

## Conairí Comhlántacha/Urraíochtaí Pobail

Lorgaíodh i Moladh an Choimisiúin Eorpaigh maidir le conairí dlíthiúla i ndáil le cosaint dhlíthiúil san AE, a eisíodh i Meán Fómhair 2020, cur chun cinn cur chuige AE i ndáil le hUrraíocht Phobail, ag cur le taithí reatha thíortha AE+ agus ag tabhairt deis rannpháirtíochta do EASO. Bunaithe ar an moladh seo, thionóil EASO cruinniú ar an 25 Samhain 2020 tráth ar comhaontaíodh Meitheal thiomnaithe maidir le hUrraíocht Phobail a bhunú. Is iad príomhchuspóirí na Meithle tuilleadh forbairt a dhéanamh ar chur chuige an AE, dea-chleachtais a shainaithint agus súil a choinneáil ar dhul chun cinn tionscadal ábhartha sa réimse seo, atá á maoiniú tríd an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht.



FatCamera: iStock

# Tacaíocht tríú tír

**Comhaontaíodh ceithre threochlár comhair nua leis an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia.**

**Leanadh leis an gcomhar le hArd-Stiúrthóireacht na Tuirce um Bainistiú Imirce (DGMM).**

**Treoirthionscadal réigiúnach don Afraic Thuaidh agus treochlár le haghaidh comhair leis an Éigipt.**



Alicia_Garcia: iStock

Cabhraíonn tacaíocht tríú tíre EASO le bunú creataí agus córas dlíthiúil tearmainn agus glactha agus/nó le neartú na gcreataí agus na gcóras sin mar aon le tacú le bainistiú imirce cosanta íogaire i bpríomhthíortha comhpháirtíochta. Tá idirghabhálacha forbartha acmhainne saincheaptha ionas go mbeidh siad dírithe ar chomhthéacs agus ar thír shonrach agus tá siad á n-éascú ag speisialtóirí EASO nó trí thacaíocht idir piaraí atá á cur ar fáil ag údaráis thíortha AE+. Cuimsítear i measc na n-idirghabhálacha oiliúint, ceardlanna, cuairteanna staidéir/oibre, oiliúint ar an láthair oibre, agus tuilleadh, a bhaineann le téamaí sainaitheanta tearmainn agus glactha.
I rith 2020, thacaigh EASO le trí thosaíocht gheografacha: Na Balcáin Thiar (WB), an Tuirc agus an Meánoirthear agus an Afraic Thuaidh (MENA).

Sna Balcáin Thiar, lean EASO ag comhoibriú le sé chomhpháirtí na mBalcán Thiar, faoi chreat Thionscadal Réigiúnach IPA II[2] agus trí Threochláir Chomhair nua leis an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Mhacadóin Thuaidh agus an tSeirbia. Chomh maith leis sin, thionscain EASO measúnuithe riachtanas le haghaidh Treochlár a bhféadfaí iad a fhorbairt le Montainéagró agus leis an gCosaiv[3]. In 2020, chuir EASO breis is 40 gníomhaíocht forbartha acmhainne i gcrích, a chabhraigh leis na córais tearmainn agus ghlactha sna Balcáin Thiar a neartú.



artisteer: iStock

Sa Tuirc, lean EASO ag tacú le DGMM trí Threochlár EASO-DGMM a chur chun feidhme (Meán Fómhair 2019-Lúnasa 2021).

Chuir EASO 23 gníomhaíocht forbartha acmhainne i gcrích faoi shé cholún: faisnéis faoin tír thionscnaimh, oiliúint, dearbhú cáilíochta, anailís agus bainistíocht faisnéise, daoine le riachtanais speisialta agus pleanáil theagmhasach.

I réigiún MENA, leag EASO bonnsraith mhaith chun comhar a mhéadú sna blianta amach romhainn. Bhunaigh EASO treoirthionscadal don Afraic Thuaidh (cómhaoinithe i dteannta leis an Danmhairg agus Poblacht na Seice) a chuirfear chun feidhme faoi scáth Chlár um Fhorbairt agus um Chosaint Réigiúnach na hAfraice Thuaidh (RDPP NA) go dtí 2023. Lena chois sin, chuir EASO agus an Éigipt críoch le treoirthionscadal comhair (2019-2020), a bhí mar bhonn le bunú Treochláir (cómhaoinithe i dteannta leis an Danmhairg) a thionscnófar i mí Feabhra 2021.

Ar deireadh, bhunaigh EASO Líonra um Chomhar le Tríú Tíortha ag tús 2020 agus eagraíodh ocht ngníomhaíocht i rith na bliana. Tá sé mar aidhm ag an Líonra comhar, comhordú agus comhroinnt eolais i measc údaráis inniúla thíortha AE+, EASO, agus an Choimisiúin Eorpaigh a éascú agus a neartú, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ag féachaint do chomhar le tríú tíortha i réimse an tearmainn agus an ghlactha.

*2- Tionscadal maoinithe ag an AE "Tacaíocht Réigiúnach don Bhainistiú Imirce atá Íogair ó thaobh na Cosanta de sna Balcáin Thiar agus sa Tuirc" céim a 2*

*3- Rinneadh an t-ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta ar dhearbhú neamhspleáchais na Cosaive.*

# 2. PLEANÁIL OIBRÍOCHTAÍ, MEASTÓIREACHT AGUS UIRLISÍ TACAÍOCHTA



FatCamera: iStock

# 2.1 Tacaíocht oibríochtúil agus uirlisí oibríochtúla

Cuireadh athbhreithniú agus measúnú iomlán ar mheicníochtaí imlonnaithe comhlántacha (CDM) féideartha le haghaidh imlonnú ASTanna chuig Ballstáit le tacaíocht ó Oibríochtaí EASO i gcrích.

Cuireadh tuilleadh feabhais ar Chóras Díorma um Idirghabháil Tearmainn (EAIPS) – córas gréasánbhunaithe le haghaidh acmhainní oibríochtúla a bhainistiú.

Rinneadh tuilleadh forbartha air agus cuireadh chun feidhme na ceanglais a bhain le hardáin dhigiteacha bainistíochta eolais chun tacú le hoibríochtaí agus líonraí EASO.



wabeno: iStock

Chuir EASO tús le mórthionscadal a raibh sé mar aidhm leis meicníochtaí imlonnaithe comhlántacha (CDM) nua a shainaithint le haghaidh imlonnú saineolaithe ar fud na mBallstát ina bhfuil tacaíocht oibríochtúil dhíreach á soláthar ag EASO. Tá sé tugtha faoi deara go minic ag EASO gur bhain dúshláin le dóthain acmhainní daonna a shlógadh chun freastal ar riachtanais sna Ballstáit a raibh agus nach raibh súil leo. Dá réir sin, d'fhonn a chinntiú go raibh an tacaíocht riachtanach á cur ar fáil, tá athbhreithniú agus measúnú iomlán ar CDManna féideartha le haghaidh imlonnú ASTanna chuig Ballstáit curtha i gcrích. Tá anailís shuntasach déanta ar na roghanna tosaíochta sainaitheanta agus tá siad á bhforbairt lena gcur chun feidhme i lár 2021.

Tá tuilleadh forbairt déanta ar Chóras Díorma um Idirghabháil Tearmainn (EAIPS) EASO agus is córas dinimiciúil atá ann anois le feidhmiúlacht fheabhsaithe chun tacú le bainistiú na bpearsanra atá imlonnaithe mar chuid de na ASTanna, agus a bhfuil baint acu le hoibríochtaí EASO. Soláthraíonn EAIPS sonraí agus faisnéis fhíor-ama agus iontaofa maidir le hoibríochtaí EASO i mBallstáit dhifriúla a bhfuil láithreacht aici iontu. Breithneofar aon riachtanais a eascraíonn as meicníochtaí imlonnaithe comhlántacha freisin.

Forbraíodh agus seoladh tuilleadh ardán bainistithe eolais chun tacú le Líonraí a bhain le hOibríochtaí EASO mar chuid d'ardáin ar líne Oibríochtaí Tíre agus Gné Sheachtrach. Cabhróidh siad seo le sainordú EASO a chomhlíonadh, is é sin comhoibriú idir Ballstáit a éascú. Chomh maith leis sin, éascóidh agus cothóidh siad cur chun cinn dea-chleachtas agus cur chun feidhme foriomlán CEAS.

# 2.2 Pleanáil, faireachán agus meastóireacht ar oibríochtaí

Creat EASO a dhearadh, a phleanáil agus a mheas ar bhonn foirmiúil.

Meastóireachtaí inmheánacha agus seachtracha ar idirghabhálacha oibríochtúla EASO, le tacaíocht ó lúba aiseolais agus meicníochtaí freagartha.

Lean EASO lena iarracht ilbhliantúil creat agus modheolaíocht bainistithe tionscadail láidir a bhunú. I rith na bliana, bunaíodh na modheolaíochtaí dearaidh, clársceidealaithe, pleanála agus meastóireachta ar bhonn foirmiúil, agus cuireadh leis an taithí agus leis an dea-chleachtas a bhain le cleachtaí cosúla a cuireadh i gcrích i rith na mblianta roimhe sin.

Lean EASO le cuntasacht a chinntiú agus le hábharthacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht a chuid oibríochtaí a chinntiú. Trí obair na hEarnála Clársceidealaithe, Faireacháin agus Meastóireachta, d'éascaigh EASO trí mheastóireacht sheachtrach (le haghaidh na dtrí Phlean Oibriúcháin le haghaidh 2019 don Chipir, an Ghréig agus an Iodáil), rud a bhí mar bhonn le meicníochtaí freagartha, dea-chleachtais agus ceachtanna foghlamtha

a neartú tuilleadh. Chomh maith leis sin, cuireadh meastóireacht inmheánach ar idirghabhálacha oibríochtúla eile i gcrích, de réir mar is gá.


Trí úsáid a bhaint as a mhodheolaíocht bhunaithe, rinne EASO, i dteannta le húdaráis na Spáinne, measúnú riachtanas cuimsitheach ar an chóras náisiúnta glactha agus ar an staid ar na hOileáin Chanáracha agus forbraíodh an chéad Phlean Oibríochtúil riamh nuair a thacaigh EASO leis an gcúigiú tír Mheánmhara seo. D'éascaigh an creat clársceidealaithe faoi threoir na Gníomhaireachta an próiseas seo ar bhealach suntasach.

Chomh maith leis sin, thacaigh EASO le chéad Straitéis Ghlactha EASO trí chreat modheolaíoch a sholáthar le haghaidh na forbartha straitéisí seo. Soláthrófar tuilleadh tacaíochta freisin d'fhorbairt plean cur chun feidhme don straitéis seo.

# 2.3 Oiliúint oibríochtúil



Reáchtáladh 133 seisiún oiliúna faoi Phleananna Oibriúcháin 2020 (POnna), agus cuireadh oiliúint ar 633 duine agus bhí 1,493 rannpháirtíocht ar fad i gceist - PO na Gréige (824), PO na hIodáile (296), PO na Cipire (195), PO Mhálta (178).



Ainneoin na ndúshlán a bhaineann le soláthar oiliúna mar thoradh ar phaindéim COVID-19, chuir Ionad Oiliúna agus Forbartha Gairmiúla EASO modheolaíocht nua le haghaidh soláthar fíorúil seisiún oiliúna chun feidhme ina hiomláine, agus cinntíodh gur cuireadh tacaíocht oiliúna gan aon chur isteach ar fáil le haghaidh oibríochtaí EASO.




damircudic: iStock

I rith 2020, oileadh 43 cásoifigeach nua trí 3 dhianphlean oiliúna a cuireadh ar fáil laistigh de chreat Phlean Oibriúcháin don Chipir 2020. Ba é an dara spriocghrúpa ba mhó ateangairí, chuir 23 ateangaire an modúl oiliúna maidir le hAteangaireacht i gComhthéacs Tearmainn i gcrích.

I gcreat Phlean Oibriúcháin na Gréige, taifeadadh 824 rannpháirtí. Ba é cásoifigigh idirthréimhseacha EASO an príomh-spriocghrúpa, agus ina dhiaidh sin ar an liosta bhí oifigigh riaracháin tearmainn, oifigigh ghlactha, agus Ceannairí Foirne EASO.

Faoi Phlean Oibriúcháin na hIodáile, chuir 296 rannpháirtí cúrsaí oiliúna i gcrích. Ba é an spriocghrúpa ba mhó oifigigh taighde agus oifigigh riaracháin





tearmainn EASO, agus ina dhiaidh sin ar an liosta bhí cásoifigigh eatramhacha agus oifigigh chlárúcháin EASO.

In 2020 neartaíodh tiomantas údaráis tearmainn náisiúnta na hIodáile ar mhaithe le hacmhainn a threisiú i dtéarmaí na n-oiliúnóirí náisiúnta. Ghlac 20 oifigeach Iodálacha páirt i seisiúin rialta oiliúint don oiliúnóir, trínar oileadh oifigigh ó NAC agus ó Choimisiúin Chríochacha mar oiliúnóirí. Chomh maith leis sin, lean naonúr oifigeach ó Roinn Slándála Poiblí (DPS) na hIodáile an chonair oiliúna atá forbartha ag EASO, agus é mar aidhm acu linn oiliúnóirí náisiúnta a chruthú agus acmhainn oiliúna DPS a fheabhsú.

I gcomhthéacs na tacaíochta atá á cur ar fáil ag EASO do Mhálta, forbraíodh conairí oiliúna sonracha do bhaill foirne agus d'oifigigh eatramhacha EASO, i réimse an tearmainn agus an ghlactha. Ar an iomlán, taifeadadh 178 rannphháirtí i seisiúin oiliúna EASO, a eagraíodh i creat Phlean Oibriúcháin Mhálta. Cásoifigigh eatramhacha ba ea an líon is mó oiliúnaithe, agus ina dhiaidh sin bhí cúntóirí clárúcháin EASO agus saineolaithe leochaileachta eatramhacha EASO. Chomh maith leis sin, bhí EASO páirteach i soláthar seisiún oiliúna mar chuid den chlár ionduchtaithe le haghaidh Ghardaí Teorann Mhálta.

**Participations per type of training in 2020**



# 2.4 Tacaíocht ar archaighdeán d'oibríochtaí

Treisiú an Aonaid um Cháilíocht laistigh de Sheirbhís Tearmainn na Gréige, agus comhtháthú Uirlis Dearbhaithe Cáilíochta EASO ina chuid oibre laethúla, de réir comhchaighdeán Eorpach.

Chabhraigh EASO le húdaráis na hIodáile le córas féinmheasúnaithe a fhorbairt le haghaidh an phróisis chlárúcháin d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i bpríomhoifigí póilíní, bunaithe ar threoir EASO.

Sa Ghréig, chuir EASO bearta chun feidhme chun acmhainn an Aonaid um Cháilíochta a fheabhsú faoi Sheirbhís Tearmainn na Gréige, a áiríodh ann forbairt treorach agus ceardlann le haghaidh chásoifigigh EASO agus Sheirbhís Tearmainn na Gréige. Ar bhonn níos cinnte, áiríodh anseo treoir théamach maidir le tíortha tionscnaimh shábháilte a fhorbairt; comhairle a chur ar fáil maidir le buan-nósanna imeachta oibríochta agus teimpléid le haghaidh an nóis imeachta teorann agus rialta; athbhreithniú ar cháilíocht agallamh agus cinntí tearmainn sna hoileáin, agus tacú le hUirlis Dearbhaithe Cáilíochta EASO; agus taisclann de chinntí maithe a fhorbairt.



Joel Carillet: iStock

San Iodáil, thacaigh EASO le feabhsú cháilíocht agus chaighdeánú chlárú iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Forbraíodh seicliostaí agus ceistneoirí chun sonraí a bhailiú maidir le cáilíocht an chlárúcháin, bunaithe ar chaighdeáin nóis imeachta atá sainithe i dTreoir EASO maidir le nós imeachta tearmainn: caighdeáin agus táscairí oibríochtúla. Tacaíodh le misin chóitseála le haghaidh bailiú sonraí agus forbraíodh uirlisí le haghaidh anailís sonraí. Roinneadh tuarascáil ina raibh na torthaí agus na moltaí leis an údarás náisiúnta i mí na Nollag 2020.

Sa Chipir, áiríodh sa tacaíocht cháilíochta a cuireadh ar fáil d'oibríochtaí a bhfuil baint acu le forbairt teimpléad le haghaidh agallamh tearmainn agus tuarascálacha moltaí; athbhreithniú cáilíochta ar na hagallaimh agus cinntí tearmainn; úsáid a bhaint as Uirlis Dearbhaithe Cáilíochta EASO; agus forbairt treoracha chun cinneadh a dhéanamh maidir le próisis chosanta idirnáisiúnta atá á gcur i gcrích ag saineolaithe EASO.

Mhol EASO don Ghníomhaireacht maidir le Cosaint Idirnáisiúnta i Málta Aonad um Cháilíochta a bhunú agus dréachtaíodh nóta treorach maidir le caighdeáin agus coinníollacha íosta chun measúnú a dhéanamh ar iarratasóirí atá ag teacht ó thíortha tionscnaimh sábháilte. Dréachtaíodh treoirleabhar praiticiúil maidir le sainaithint agus sainmhíniú fíricí ábhartha i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca agus roinneadh é le cásoifigigh, agus eagraíodh ceardlann théamach maidir leis an ábhar seo.



# 3. EOLAS TEARMAINN



Ruslanshug: iStock

# 3.1 Faisnéis faoin tír thionscnaimh

17 dtuarascáil COI agus 32 COI freagairt fiosrúcháin foilsithe maidir le tíortha tionscnaimh éagsúla. Is féidir féachaint ar na táirgí ar fad ar Thairseach COI EASO.

Eagraíodh 41 seimineár gréasáin, seisiún faisnéise, ceardlann straitéiseach agus mhodheolaíoch ar fad.

Tacaíonn COI le cinnteoirí agus bunaíonn sé fianaise le haghaidh nósanna imeachta maidir le cosaint idirnáisiúnta.

**In 2020, rinne EASO tuilleadh sruthlínithe ar a acmhainní táirgthe COI, i gcomhpháirt le foirne COI thíortha AE+. Mar thoradh air seo foilsíodh 17 dtuarascáil COI agus 32 freagairt COI.**


Forbraíodh méid suntasach ábhair COI chun bonn fíorasach a bhunú le haghaidh forbairtí treorach tíre EASO maidir leis an an Afganastáin, an Iaráic agus an tSiria. Gné thábhachtach eile ba ea cur i dtoll a chéile freagairtí fiosrúcháin COI chun tacú le hoibríochtaí EASO i mBallstáit túslíne. Áirítear i measc na samplaí freagairtí a bhaineann leis an Libia, Mailí, an Phacastáin, an tSúdáin, agus an tSúdáin Theas.

Lean EASO le comhar idir tíortha AE+ a éascú i réimse COI trína chur chuige líonra. Mar gheall ar na dúshláin a chruthaigh paindéim COVID-19, b'éigean do EASO cruinnithe ar líne seachas cruinnithe pearsanta a reáchtáil agus cuireadh ardán comhoibríoch fíorúil nua chun feidhme. Cheadaigh an cur chuige seo comhoibriú leanúnach in 11 líonra thírshonracha agus in 1 líonra straitéiseach COI, mar a bhí pleanáilte.



© Mondalawry, Léirsitheoirí san Iaráic, an 1 Samhain 2019, url (CC BY-SA 4.0)

# 3.2 Faisnéis leighis faoin tír thionscnaimh



Ó tharla críoch a bheith curtha le tionscadal ceithre bliana, tá gach seirbhís MedCOI aistrithe go hiomlán chuig EASO, agus comhtháite i struchtúr eagraíochtúil agus próiseas gnó EASO.



Bhunaigh EASO foireann de bhaill foirne speisialta chun na seirbhísí riachtanacha MedCOI a chur ar fáil do thíortha AE+.



Cuireadh 1,217 freagairt ar iarratais aonair ar infhaighteacht nó inrochtaineacht ar chóireálacha leighis ar fáil do thíortha AE+.



PeopleImages: iStock


Cuireadh aistriú thionscadal MedCOI go EASO i gcrích in 2020, rud a d'éascaigh malartú faisnéis cúraim sláinte maidir le COI idir EASO agus tíortha AE+. Neartaíodh foireann MedCOI EASO trí ionduchtú ceannasaí earnála, mar aon le líon iomlán taighdeoirí agus saineolaithe leighis.
Tá líonra domhanda de shaineolaithe leighis áitiúla ag EASO a sholáthraíonn eolas maidir le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht féidearthachtaí cóireála leighis a bhaineann le COI.

**Tairgeann an earnáil thiomnaithe seo in EASO rochtain feabhsaithe ar MedCOI le gach údarás inimirce agus tearmainn thíortha AE+, ar mhaithe le tacú le cinntí beachta agus cothroma maidir le cosaint idirnáisiúnta agus nósanna imeachta imirce eile.**

Tá na seirbhísí MedCOI anois faoi réir dearbhaithe cáilíochta, trí ghníomhaíochtaí cosúil le bailíochtú, iniúchtaí agus athbhreithnithe piaraí. Leanadh le gníomhaíochtaí oiliúna, ceardlanna agus cruinnithe líonra ainneoin na ndúshlán a chruthaigh paindéim COVID-19.

I mí na Nollag 2020, d'fhoilsigh EASO Tuarscáil Leighis maidir le Faisnéis Tír Thionscnaimh le haghaidh Phoblacht Daonlathach an Chongó (DRC).

# Freagairtí maidir le hinfhaighteacht cóireálacha leighis i dtíortha tionscnaimh




*Táirgeadh freagairtí infhaighteachta, 2020: De réir a chéile, ghlac EASO le freagracht as freagairt d'iarratais ó thíortha AE+ maidir le hinfhaighteacht cóiréalacha i dtíortha tionscnaimh ó fhoireann BMA na hÍsiltíre.*


# 3.3 Treoir Thíre

Foilsíodh 'Treoir Thíre Nua: An tSiria' i Meán Fómhair 2020.

Chomhaontaigh an Líonra um Threoir Thíre an leagan nuashonraithe de 'Treoir Thíre: An Afganastáin' i mí na Nollag 2020. D'fhormhuinigh Bord Bainistíochta EASO é agus foilsíodh é go gairid ina dhiaidh sin, i mí Eanáir 2021.

Reáchtáil an Líonra um Threoir Tíre a chruinniú deiridh maidir leis an leagan nuashonraithe de 'Treoir Thíre: An Iaráic' i mí na Nollag 2020. Dheimhnigh an líonra an téacs i mí Eanáir 2021, formhuinithe ag an mBord Bainistíochta, agus foilsíodh é go gairid ina dhiaidh sin.






Pictiúr: Freepik Mockup

Tá sé mar aidhm leis na doiciméid Treoir Thíre cabhrú le cinnteoirí agus le lucht ceaptha beartas agus cóineasú a chinntiú i gcur chun feidhme na gcritéar a bhaineann le cáiliú do chosaint idirnáisiúnta i gcomhthéacs CEAS.

Ina chuid oibre ar threoir tíre, comhordaíonn agus éascaíonn EASO iarrachtaí Ballstáit measúnú comhpháirteach a dhéanamh ar an staid i bpríomhthíortha tionscnaimh. Scrúdaítear i ndoiciméad treorach gach tíre na príomhghnéithe ar fad a bhaineann le cáiliú le haghaidh cosaint idirnáisiúnta de réir dhlí an Aontais agus an dlí idirnáisiúnta.

**In 2020, bhí an obair a chuir EASO i gcrích maidir le treoir tíre dírthe ar anailís choiteann agus nóta treorach maidir leis an tSiria agus nuashonrú ar na doiciméid reatha a bhaineann leis an Afganastáin agus an Iaráic.**

Ag tús na bliana reáchtáladh cruinniú téamach maidir le ballraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe, eagraithe ag Líonra na bPróiseas Tearmainn agus an Líonra um Threoir Thíre i gcomhpháirt lena chéile. Ina dhiaidh sin, tionscnaíodh trí phróiseas thírshonracha a bhain leis an tSiria, an Afganastáin agus an Iaráic (féach ar an gcéad leathanach eile). Mar gheall ar bhearta a bhain le COVID-19, reáchtáladh na próisis seo ar fad go cianda nach mór, agus ghlac páirtithe leasmhara páirt i gcruinnithe ar líne agus i gcomhairliúcháin scríofa. Cuireadh forbairt 'Treoir Thíre: an tSiria' i gcrích i Meán Fómhair 2020. I mí na Nollag 2020, reáchtáil an Líonra Treorach Thíre a chruinnithe deiridh maidir leis an Afganastáin agus an Iaráic.

| | Preparatory Surveys | Country Guidance Network video-conference meetings | Drafting Team Video-conference meetings | Written Consultations |
|---|---|---|---|---|
| **SYRIA** New development (March-September '20) | 1 | 3 | 6* (* plus 1 meeting in Malta) | 4 |
| **AFGHANISTAN** Second Update (September-December '20) | 1 | 2 | 4 | 2 |
| **IRAQ** First Update (September 20'-January '21) | 1 | 2 | 4 | 2 |

*2020: Líon na bpróiseas treorach tíre*

# 3.4 Mol Sonraí EASO

Ar mhaithe le dioscúrsa poiblí eolasach a spreagadh, nuashonraíodh leathanach Treochtaí Tearmainn is Déanaí EASO, atá mar bhonn le treochtaí thíortha AE+, ar bhonn míosúil i rith 2020, agus tugadh léargas ar phríomhstaitisticí oifigiúla tearmainn le haghaidh 2019 ag leibhéal tíre a bhí dírithe ar an úsáideoir deiridh i bhforléargas ar staid tearmainn 2019.

Athraíodh ó bhonn malartuithe faisnéise EASO maidir lena hoibríochtaí chun gníomhaíochtaí tacaíochta nua a chlúdach cosúil le hathlonnú deonach, díbhordálacha ad hoc agus glacadh.

Bainistíonn Mol Sonraí EASO raon leathan sonraí straitéiseacha, oibríochtúla agus foinse oscailte agus faisnéise, a chuireann ar chumas EASO faireachán agus anailís a dhéanamh ar staid an tearmainn i dtíortha AE+, agus ar an tacaíocht oibríochtúil a sholáthraíonn EASO.




Mar chuid den Chóras Réamhrabhaidh agus Ullmhachta (EPS), comhroinneann tíortha AE+ staitisticí comhchuibhithe le EASO maidir le topaicí tábhachtacha amhail cinneadh ag an gcéad chéim, feidhmiú chóras Bhaile Átha Cliath, cineál agus méid an phobail ghlactha agus an líon achomharc.

Tá freagracht ar Mhol Sonraí EASO freisin as sonraí a bhailítear le linn oibríochtaí EASO sa Chipir, sa Ghréig, san Iodáil agus i Málta, a bhainistiú. Sa chás seo, glactar le staitisticí a bhaineann le saineolaithe a imlonnaíodh le haghaidh chur chun feidhme na bPleananna Oibriúcháin comhaontaithe go gcomhpháirteach, mar aon le haschuir na saineolaithe i ndáil le gníomhaíochtaí tacaíochta éagsúla, mar phríomhtháscairí ar éifeachtúlacht fhreagairt oibríochtúil EASO. Ina theannta sin, cabhraíonn na staitisticí le EASO staid an tearmainn i mBallstáit óstacha a thuiscint ar bhealach níos mionsonraithe chun críche measúnuithe riachtanas a dhéanamh.

**Taisceadh thart ar 461,300 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i dtíortha AE+ in 2020, laghdú 31 % i gcomparáid le 2019**

**Ba iad príomhthíortha tionscnaimh na n-iarratasóirí an tSiria, an Afganastáin, Veiniséala, an Cholóim agus an Iaráic**

**D'eisigh Tíortha AE+ 521,000 cinneadh ag an gcéad chéim in 2020**

**Dheonaigh 32 % de na cinntí a eisíodh in 2020 foirmeacha cosanta atá á rialú ag an AE**

**Bhí thart ar 412,600 cás ar feitheamh ag an gcéad chéim ag deireadh mhí na Nollag 2020, laghdú 17 % i gcomparáid le bliain ó shin**

*Bunaithe ar staitisticí EPS, soláthraíonn Treochtaí Tearmainn is Déanaí EASO faisnéis atá á nuashonrú go rialta maidir le staid an tearmainn i dtíortha AE+*

# D'éirigh le EASO táirgiúlacht oibríochtúil a mhéadú breis is dhá huaire in 2020




*[Preasráiteas EASO, Samhain 2020] ina bhfuil príomhfhigiúirí oibríochtúla*


# 3.5 Clár taighde ar réamhrabhadh agus ar bhunchúiseanna

Rinne EASO tuilleadh forbartha ar úsáid meaisínfhoghlama le haghaidh luathrabhaidh agus réamhaisnéise agus ar úsáid an Innéacs Tosca Brú chun faireachán a dhéanamh ar thionscnóirí imirce i dtíortha tionscnaimh agus idirthurais.

Rinneadh an chéad anailís chomhpháirteach ar luathrabhadh agus réamhaisnéis i dtíortha AE+ ar ghlac saineolaithe san ábhar páirt ann, cúram a raibh sé mar aidhm leis tionchar phaindéim COVID-19 ar imirce tearmainn a thuar.

## Lean clár taighde EASO le húsáid na meaisínfhoghlama a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar an staid i dtíortha tionscnaimh agus idirthurais.

Trí théarmaí cuardaigh idirlín a úsáid i dteannta le teagmhais dhiúltacha agus dhearfacha chun teagmhais díláithriúcháin a shamhaltú, bhí ar chumas EASO an líon daoine a bhí ag teacht isteach chuig tíortha AE+ a réamhaisnéisiú, daoine as measc daonraí a raibh cosaint idirnáisiúnta á lorg acu. In 2020, rinne EASO tuilleadh forbartha ar an Innéacs Tosca Brú, agus comhtiomsaíodh sonraí maidir le tionscnóirí imirce i dtíortha tionscnaimh.


FatCamera: iStock


I mí Eanáir 2020, ghlac EASO páirt san Fhóram Idirnáisiúnta maidir le Staidreamh Imirce a bhí dírithe ar nuálaíocht sonraí agus luathrabhadh, agus i mí Iúil, ag imeacht Imirce 4.0, chuir EASO an obair atá curtha i gcrích aici maidir le Réamhaisnéisiú Imirce i láthair.

Ag Comhdháil Náisiúnta Ghréasán Imirce na hEorpa 2020 a reáchtáladh ar an 29 Meán Fómhair 2020, thug EASO láithreoireacht dar teideal 'Iarrachtaí an AE i ndáil le Réamhaisnéisí cothrom le dáta maidir le Ceapadh Beartas a Sholáthar', a áiríodh mar thopaic san iris maidir le Cleachtas Beartas Imirce ina dhiaidh sin.


In 2020, chabhraigh EASO le foilseachán IOM maidir le Imirce san Afraic Thiar agus san Afraic Thuaidh agus trasna na Meánmhara agus foilsíodh caibidil dar teideal 'Mórshonraí a úsáid chun "tosca brú" san Afraic a mheas', i mí Mheán Fómhair.

Dáileadh an chéad 'Anailís Chomhpháirteach ar thionchar COVID-19 ar Luathrabhadh agus Réamhaisinéisiú imirce nasctha le tearmann go dtí deireadh 2020', le rannpháirtíocht shaineolaithe AE+, ar shaineolaithe thíortha AE+, gníomhaireachtaí um Cheartas agus Gnóthaí Baile (CGB) agus an Coimisiún Eorpach i Meán Fómhair. Ina dhiaidh sin, i mí Dheireadh Fómhair, dáileadh 'Coimre ar chórais luathrabhaidh agus réamhaisnéise in AE+', ina ndéantar cur síos ar na córais atá i bhfeidhm i dtíortha AE+ éagsúla.

## Na trí chiseal sonraí atá in úsáid ag EASO chun imirce a bhaineann le tearmann chuig na Ballstáit, an Iorua agus an Eilvéis a shamhaltú agus a réamhaisnéisiú




*Íomhá tógtha ón iris ar Chleachtas Beartas Imirce a foilsíodh i mí Eanáir 2021: 'Imirce a bhaineann le tearmann chuig an Aontas Eorpach a réamhaisnéisiú, agus an bhearna idir fianaise agus beartas a líonadh'.*




*Íomhá ó chaibidil IOM 'Mórshonraí a úsáid chun "tosca brú" san Afraic a mheas', foilsithe i Meán Fómhair 2020, ina léirítear Innéacs Tosca Brú EASO, an líon iarratas tearmainn i dtír AE+ bunaithe ar náisiúnaigh thíortha na hAfraice, agus na rátaí glactha a bhaineann leis na náisiúnaigh seo in 2019.*

# 3.6 Anailís straitéiseach

**Dhá Thuarascáil Speisialta foilsithe ag EASO: Treochtaí Tearmainn agus COVID-19 (Bealtaine agus Meitheamh), ina dtugtar léargas cothrom le dáta ar threochtaí tearmainn i dtíortha AE+ agus staideanna i dtíortha tionscnaimh i gcomhthéacs beart paindéime agus éigeandála.**

**Anailís straitéiseach ar staid an tearmainn i dtíortha AE+ agus imirce a bhaineann le tearmann ó thríú tíortha ullmhaithe le haghaidh páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear anailís mhíosúil ar leathanach Treochtaí Tearmainn is Déanaí EASO a bhfuil sé mar aidhm leis eolas a chur ar fáil don phobal i gcoitinne.**

**Comhar le hinstitiúidí comhpháirtíochta maidir le ceisteanna tábhachtacha éagsúla i gcomhthéacs na himirce a bhaineann le tearmann.**




Motortion: iStock

Tá de chúram ar anailísithe straitéiseacha EASO na sonraí agus an fhaisnéis ar fad atá ar fáil a chíoradh chun tuiscint iomlán a ghnóthú ar staid an tearmainn agus ar chur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn agus ansin teachtaireachtaí beachta soiléire a chur in iúl do raon leathan páirtithe leasmhara. Ar mhaithe le dioscúrsa poiblí fianaisebhunaithe a spreagadh agus a chinntiú go bhfuil faisnéis cothrom le dáta ag iriseoirí, taighdeoirí agus saoránaigh, lean EASO ag foilsiú na treochtaí tearmainn is déanaí gach mí, treochtaí a bhí á léamh ag go leor daoine, agus chabhraigh sé leis na hanailísí sonraí atá le fáil i dTuarascáil Tearmainn EASO 2020.

Chun tacú le ceapadh beartas fianaisebhunaithe, d'ullmhaigh foireann saineolaithe EASO tuarascálacha maidir le topaicí sonracha agus nótaí faisnéise anailíseacha le haghaidh páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear le haghaidh oifigeach in údaráis tearmainn náisiúnta agus institiúidí AE. Tá anailísithe EASO ag leanúint ar aghaidh ag obair lena gcontraphháirteanna in údaráis tearmainn náisiúnta agus gníomhaireachtaí comhpháirtithe AE. Sampla de chomhoibriú dá leithéid é caibidil EASO-Europol-Frontex dar teideal 'Léargas Comhtháite ar Imirce Tearmainn', a foilsíodh i dTuarascáil Bhliantúil Riosca 2020 Frontex.

Ó tharla go raibh tionchar suntasach ag COVID-19 agus bearta éigeandála gaolmhara a cuireadh chun feidhme i dtíortha AE+ agus i dtríú tíortha in 2020, d'eisigh EASO dhá thuarascáil speisialta a bhain go sonrach le Treochtaí Tearmainn agus COVID-19, i mí Bealtaine agus mí an Mheithimh (eagrán 2). Tá eolas le fáil sna tuarascálacha seo maidir leis na treochtaí tearmainn is déanaí i dtíortha AE+ i gcomhthéacs athraithe, mar aon le hanailísí ar thíortha tionscnaimh bunaithe ar thopaicí cosúil le fachtóirí riosca, éifeachtaí na paindéime ar thosca brú agus tarraingthe, agus neamhshlándáil bia, agus topaicí eile nach iad.




*Figiúr ó Thuarascáil Speisialta EASO II: Treochtaí Tearmainn agus COVID-19, foilsithe i mí an Mheithimh 2020, a léiríonn an caidreamh idir neamhshlándáil bia (Innéacs Slándála Bia Dhomhanda, eagrán 2019, ar fáil ó Aonad um Fhaisnéis an Eacnamaí, á thaispeáint ar an ais cheartingearach), leitheadúlacht tearc-chothaithe (ar fáil ó Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe, ar taispeáint ar an ais chothrománach) agus iarratais tearmainn i dtíortha AE+ (sonraí EASO, á dtaispeáint i méid bolgáin) le haghaidh na dtíortha tionscnaimh lena mbaineann an céatadán is mó imirce.*

# 3.7 Córas faisnéise agus doiciméadúcháin



**Bunaíodh rannóg nua maidir le tionchar phaindéim COVID-19 ar chórais tearmainn agus ghlactha i Márta 2020 agus nuashonraíodh an rannóg seo gach lá sa Chóras faisnéise agus doiciméadúcháin (IDS). Clúdaíodh san fhaisnéis seo beartais agus cleachtais ar ghlac tíortha AE+ leo ar mhaithe le scaipeadh an víris a mhaolú.**

NEWSLETTER

**D'fhoilsigh EASO a chéad Nuachtlitir maidir le Cásdlí Tearmainn i mí na Nollag 2020, inar clúdaíodh an príomh-dhlí-eolaíocht a bhain leis an tréimhse idir Meán Fómhair agus Samhain 2020.**

**Cuireadh seisiúin oiliúna ar fáil le haghaidh Líonra Fiosrúcháin IDS mar ullmhúchán le haghaidh sheoladh Chóras Fiosrúcháin nua, uathoibrithe EASO.**

cloverphoto: iStock


Tairgeann IDS forléargas cuimsitheach ar bheartais agus cleachtais tearmainn i 30 tír AE+, mar aon le cur síos beacht agus inchomparáide ar phríomhchéimeanna an nóis imeachta tearmainn. Rinne Earnáil Faisnéise agus Anailíse EASO an t-ábhar a bhain le gach tír a nuashonrú go córasach trí úsáid a bhaint as foinsí tagartha. Rinne Ballstáit an fhaisnéis seo a athbhreithniú agus a bhailíochtú. I láthair na huaire, tá rochtain ag úsáideoirí cláraithe ó 99 údarás tearmainn ar IDS.

In 2020, bunaíodh formáid nua 'Seisiúin Faisnéise Caife' chun topaicí sonracha atá beartaithe ag Grúpa Comhairleach IDS a phlé.

I Márta 2020, bunaíodh rannóg nua chun cleachtais, beartais agus reachtaíocht tearmainn agus ghlactha a mhapáil i rith phaindéim COVID-19, mar aon le sraith de thrí thuarascáil ina ndéantar cur síos ar bhearta éigeandála ar ghlac tíortha AE+ leo. Lena chois sin, forbraíodh leathanach nua maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal an *non-refoulement* in IDS.

Foilsíodh thart ar 350 mhír dhlí-eolaíochta nua i mBunachar Sonraí Cásdlí EASO in 2020. Ina theannta sin, eisíodh an chéad nuachtlitir a chlúdaigh na príomhchinntí a rinneadh idir Meán Fómhair agus Samhain 2020.

In 2020, leanadh leis an obair ullmhúcháin a bhain le seoladh Thairseach Fiosrúcháin nua EASO. Forbaíodh feidhmiúlachtaí nua chun an nós imeachta a bhaineann le fiosrúchán a iarraidh agus a fhreagairt a uathoibriú. Chomh maith leis sin, reáchtáladh seisiúin oiliúna maidir le húsáid na huirlise do shaineolaithe a bhfuil baint acu le fiosrúcháin a bhaineann le beartas a bhainistiú.



HAKINMHAN: iStock

# 3.8 Tuarascáil Tearmainn EASO

**D'fhéach 11,404 léitheoir as ar fud an domhain ar an leagan ar líne de Thuarascáil Tearmainn EASO 2020.**

**Chuathas i gcomhairle le breis is 750 foinse nuair a bhí an tuarascáil á dréachtú agus cuireadh leabharliosta catagóirithe ar fáil freisin.**

**Den chéad uair riamh, aistríodh an Achoimre Feidhmiúcháin go cúig theanga neamh-AE, rud a chiallaigh go raibh 29 aistriúchán ar fad ar fáil.**




FatCamera: iStock

Ghlac Bord Bainistíochta EASO le Tuarascáil Tearmainn EASO 2020 i mí Meithimh 2020 agus seoladh an Tuarascáil i rith imeacht ar líne ar ghlac an Coimisinéir Eorpach um Ghnóthaí Baile páirt ann.

Tá forléagas cuimsitheach le fáil sa tuarascáil ar fhorbairtí tearmainn agus glactha ag leibhéal Eorpach agus leibhéal náisiúnta in 2019. Bunaithe ar fhoinsí éagsúla ó phríomh-chomhpháirtithe, lena n-áirítear UNHCR, Gréasán Imirce na hEorpa (EMN), an saol acadúil, meithleacha machnaimh, agus 26 eagraíocht sochaí sibhialta, déantar anailís sa tuarascáil ar athruithe i reachtaíocht, beartais, cleachtais, treochtaí sonraí agus dlí-eolaíocht i dtíortha AE+

Is féidir an leagan digiteach den tuarascáil a léamh ar líne i bhformáid HTML, ar léitheoir ar líne nó PDF. Tá an achoimre feidhmiúcháin maidir leis na príomhthátail ar fáil in 24 teanga AE agus, den chéad uair riamh, i gcúig theanga neamh-Eorpacha.

Tá bunachar sonraí nua ar fáil leis an tuarascáil, inar féidir na príomhfhorbairtí reachtacha, institiúideacha agus beartais i dtíortha AE+ a sheiceáil. Is féidir faisnéis a sheiceáil faoin tír, bliain, cineál forbartha agus gach nós imeachta tearmainn.




Pictiúr: Freepik Mockup

# 4. TACAÍOCHT TEARMAINN



verve231: iStock

# 4.1 Próisis tearmainn

Mearfhreagairt do na dúshláin a chruthaigh paindéim COVID-19 trí chruinnithe comhair praiticiúla maidir le conas a d’fhéadfaí agallaimh phearsanta a reáchtáil go cianda, rud ba chúis le moltaí praiticiúla a bheith á bhfoilsiú.

Den chéad uair riamh, dhírigh EASO ar an topaic a bhaineann le ról na n-údarás cinntitheach sa phróiseas dlíthíochta i rith cruinniú téamach den Líonra Próiseas Tearmainn. Bhí sé seo mar bhonn le plé rathúil maidir leis na hidirghníomhaíochtaí agus sineirgí féideartha ag an gcéad chéim agus ag an dara céim agus na comhairleoirí dlí.

Sonraíodh i dTreoir EASO maidir le ballraíocht grúpa sóisialta ar leith, a foilsíodh i Márta 2020, comhpháirteanna difriúla an fhorais seo le haghaidh cosaint idirnáisiúnta mar atá sainithe sa treoir maidir le cáilíochtaí (athmhúnlú). Sholáthair sé seo struchtúr soiléir don anailís dhlíthiúil a bhí le déanamh ar an bhforas seo i rith an phróisis scrúdaithe.

Eagraíodh trí chruinniú théamacha le Líonra Próiseas Tearmainn EASO mar fhreagairt do phaindéim COVID-19. Bhí an plé dírithe ar conas a bhféadfaí agallaimh phearsanta a reáchtáil go cianda, agus ar bhealaí chun clárú cianda agus/nó ar líne iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a éascú. Mar chuid den obair leantach a rinneadh i ndiaidh an phlé seo, d’fhoilsigh EASO dhá mholadh phraiticiúla, chomhlántacha. I moltaí Praiticiúla EASO maidir leis an agallamh pearsanta a reáchtáil go cianda (Bealtaine 2020), soláthraítear treoir maidir le socruithe praiticiúla agus teicniúla, a chinntíonn slándáil agus rúndacht, breithniúcháin dhlíthiúla, dearbhú cáilíochta agus faisnéis maidir le hiarratasóirí leochaileacha a chur faoi agallamh. Soláthraítear i moltaí Praiticiúla EASO maidir le clárúchán cianda/ar líne (taisceadh) (Meitheamh 2020) moltaí maidir le conas éifeachtúlacht a mhéadú trí úsáid a bhaint as gnéithe ar líne/TF agus ag an am céanna aird a thabhairt ar choimircí nóis imeachta.

Foilsíodh treoir Phraiticiúil EASO maidir le faisnéis faoin tír thionscnaimh a bheith in úsáid ag cásoifigigh chun scrúdú a dhéanamh ar iarratais tearmainn i mí na Nollag 2020. Tá faisnéis úsáideach le fáil sa treoir seo do chásoifigigh don obair laethúil a dhéanann siad ar COI, lena n-áirítear caighdeáin cháilíochta, cá háit a bhfuil COI le fáil, conas ceisteanna taighde a fhoirmliú, agus conas COI a chomhtháthú i gcéimeanna an phróisis scrúdaithe.

I ndiaidh an chruinnithe théamaigh a reáchtáladh maidir le ballraíocht grúpa sóisialta áirithe ar an 21 agus 22 Eanáir 2020, foilsíodh Treoir EASO maidir le ballraíocht grúpa sóisialta áirithe i mBealtaine 2020, ina raibh treoir maidir leis an anailís dhlíthiúil. Cuireadh léaráidí praiticiúla ar fáil leis seo maidir le conas is féidir an anailís a úsáid i ndáil le roinnt próifílí coiteanna.

Eagraíodh dhá chruinniú théamacha maidir le gnéithe lárnacha den nós imeachta tearmainn. I rith cruinnithe maidir le próisis dlíthíochta a bheith á mbainistiú ag údaráis chinntitheacha

(1 - 2 Deireadh Fómhair 2020) pléadh cleachtais an údaráis chinntithigh i ndáil le dlíthíocht a láimhseáil ag an gcéim achomhairc, ról na n-oifigeach dlíthíochta san achomharc, ais-sreabhadh dlíthíochta sna próisis chinnteoireachta ag an gcéad chéim, agus comhordú idir an chéad chéim agus an dara céim. I rith cruinnithe maidir le géarleanúint reiligiúnach (12-13 Samhain 2020) scrúdaíodh castacht an reiligiúin agus an measúnú creidiúnachta ar éilimh bunaithe ar reiligiún. Tugadh aird ar leith ar thiontú, mionlaigh chreidimh, aindiachas agus an nasc idir géarleanúint reiligiúnach agus inscne.

D’eagraigh Líonra Eisiaimh EASO cruinniú maidir le brath cásanna eisiaimh poitéinsiúla (22 - 23 Meán Fómhair). Phléigh na rannpháirtithe bealaí ina bhféadfaí eagrú an phróisis scagtha, na foinsí faisnéise braite agus an treoir atá ar fáil ag leibhéal náisiúnta a fheabhsú. D’fhonn tuilleadh tacaíochta a thabhairt don phróiseas seo, i mí Iúil 2020, d’eisigh EASO Uirlis Scagtha chun cásanna eisiaimh poitéinsiúla a bhraith le haghaidh tír shonrach nó tír thionscnaimh a bheadh le húsáid ag na húdaráis tearmainn.

Roinneadh tuarascáil Maitrís Cháilíochta maidir le hábhar cosanta le lucht riaracháin tearmainn i mBealtaine 2020. Roinneadh nuashonrú maidir leis an tuarascáil Maitrís Cháilíochta maidir leis an agallamh pearsanta i mí Mheán Fómhair 2020 ina raibh forléargas ar threoir, beartais agus cleachtais náisiúnta atá i bhfeidhm i dtíortha AE+ maidir leis na ceisteanna seo.



JannHuizenga: iStock

# 4.2 Comhar téamach

I gcomhréir leis an gcuspóir foriomlán atá aige tacú leis na Ballstáit feabhas a chur ar a n-acmhainn chun an Comhchóras Eorpach Tearmainn a chur chun feidhme agus cóineasú a bhaint amach i ndáil le cur i bhfeidhm na gcaighdeán coiteann, lean EASO ag tacú le comhar praiticiúil thíortha AE+ trína Líonraí d'Údaráis Ghlactha, Cinn Aonaid Bhaile Átha Cliath agus Saineolaithe Leochaileachta (VEN). Bunaithe ar thosaíochtaí 2020, d'fhoilsigh EASO roinnt uirlisí praiticiúla chun tacú le hobair laethúil na n-oifigeach leochaileachta, glactha agus Bhaile Átha Cliath: dhá fhíseán maidir le measúnú aoise daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu; tuarascáil maidir le meabhairshláinte iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta san Eoraip; cúig thuarascáil fiosrúcháin maidir le freagairtí COVID-19 i ndáil le glacadh; treoir maidir le nós imeachta Bhaile Átha Cliath; moltaí breise maidir le haistrithe Bhaile Átha Cliath i rith phaindéim COVID-19; moltaí maidir le húsáid DubliNet; agus tuarascáil maidir le soláthar faisnéise i nós imeachta Bhaile Átha Cliath.

In 2020, spreagadh gníomhaíochtaí comhair praiticiúla trí chruinnithe téamacha a eagrú maidir le topaicí éagsúla, lena n-áirítear: ciorrú/gearradh ball giniúna ban (FGM/gearradh) agus pósadh leanaí; gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne; meabhairshláinte; bainistíocht acmhainn ghlactha agus pleanáil theagmhasach; tionchar COVID-19 ar ghlacadh; aistrithe Bhaile Átha Cliath a reáchtáil go sábháilte i rith COVID-19; dea-chleachtais i ndáil le haistrithe Bhaile Átha Cliath a eagrú; DubliNet agus córais theicniúla Bhaile Átha Cliath. Seisiúin théamacha maidir le ceisteanna tábhachtacha i láthair na huaire i réimse Bhaile Átha Cliath: Gnéithe Bhaile Átha Cliath d'athlonnú iarratasóirí UAM ón nGréig; soláthar faisnéise maidir le nós imeachta Bhaile Átha Cliath; idirchaidrimh Bhaile Átha Cliath; agus pleanáil theagmhasach le haghaidh aonaid Bhaile Átha Cliath. Ba é an toradh a bhí ar na cruinnithe téamacha gur sainaithníodh dea-chleachtais agus dúshláin choiteanna, agus go ndearnadh iarrachtaí cúrsaí a fheabhsú sna tíortha AE+ ar fad.

Roinneadh tuarascálacha tréimhsiúla ráithiúla le líonraí d'Údaráis Ghlactha, Aonaid Bhaile Átha Cliath agus Saineolaithe Leochaileachta, a sholáthraíonn nuashonruithe maidir le hathruithe sa reachtaíocht, cásdlí, nithe eagraíochtúla agus anailís sonraí i réimse an ghlactha, na leochaileachta agus chur chun feidhme Rialachán III Bhaile Átha Cliath.



Ruslanshug: iStock

# Líonra Saineolaithe Leochaileachta EASO

Forbraíodh dhá uirlis phraiticiúla. Beochan físeáin EASO maidir le Measúnú Aoise le haghaidh Leanaí a sholáthraíonn uirlis fhísiúil d'údaráis áitiúla ar féidir í a úsáid le hiarratasóirí ar leanaí iad agus iarratasóirí óga. Soláthraíonn an uirlis seo faisnéis d'iarratasóirí maidir le measúnú aoise agus céard leis is féidir a bheith ag súil nuair a iarrtar orthu nós imeachta measúnaithe aoise a dhéanamh. Tagraítear i mbeochan físeáinEASO maidir le Clárú Daoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu do choimircí agus ráthaíochtaí bunúsacha atá le cur ar fáil i rith an chlárúcháin. Tá an uirlis le húsáid chun críche faisnéis a roinnt, agus i rith cúrsaí oiliúna chun plé a spreagadh le comhaltaí foirne atá ag obair le haghaidh údarás tearmainn




D'fhoilsigh EASO tuarascáil mhapála maidir le Meabhairshláinte iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta san Eoraip (Iúil 2020). Is cuid d'iarrachtaí EASO tacú le tíortha AE+ a sainaithint agus a bhfreagairt d'ábhair imní meabhairshláinte iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa chomhthéacs glactha agus sa nós imeachta tearmainn an tuarascáil seo. Soláthraíonn sé bonn eolais d'fhorbairt uirlis EASO maidir le clársceidealú síceasóisialta i suíomhanna tearmainn agus glactha.

Thacaigh EASO le plé i measc thíortha AE+ trí shraith seimineár gréasáin maidir le pósadh leanaí agus FGM/gearradh a éascú, agus maidir le hiarratasóirí ag bhfuil gnéaschlaontaí agus féiniúlacht inscne éagsúil acu. I rith an phlé sainaithníodh dúshláin agus dea-chleachtais choiteanna d'fhonn a chinntiú go bhfuiltear ag caitheamh le hiarratais ar bhonn aonair, go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta.

# Líonra EASO d'Aonaid Bhaile Átha Cliath

D'eagraigh EASO sraith de sheisiúin faisnéise ar líne maidir le ceisteanna tábhachtacha a bhaineann le réimse Bhaile Átha Cliath i láthair na huaire. Cuimsíodh anseo gnéithe Bhaile Átha Cliath d'athlonnú UAManna ón nGréig, soláthar faisnéise i nós imeachta Bhaile Átha Cliath, oifigigh idirchaidrimh Bhaile Átha Cliath, DubliNet agus córais theicniúla Bhaile Átha Cliath.

Thacaigh EASO le tíortha AE+ i ndáil le faisnéis a roinnt agus dúshláin agus moltaí a shainaithint maidir le húsáid oibríochtúil agus theicniúil DubliNet; agus moltaí maidir le haistrithe Bhaile Átha Cliath a reáchtáil i rith phaindéim COVID-19.



ablokhin: iStock

# Líonra EASO na nÚdarás Glactha

Tá léargas le fáil i [Straitéis Ghlactha EASO](#) ar fhís EASO i ndáil leis an gcreat ginearálta a bheidh in úsáid ag an ngníomhaireacht chun a tacaíocht ghlactha do thíortha AE+ a fhorbairt agus i ndáil leis an ngné sheachtrach de CEAS (i ndiaidh roinnt babhtaí comhairliúcháin, ghlac Bord Bainistíochta EASO leis an Straitéis i Márta 2021).

Cuireadh comhairle theicniúil ar fáil go leanúnach i ndáil le gníomhaíochtaí oibríochtúla EASO i réimse an ghlactha, lena n-áirítear leochaileacht.

Trí shraith d'fhiosrúcháin athfhillteacha agus cruinniú téamach tiomanta, chuaigh EASO i gcomhairle le Líonra na nÚdarás Glactha maidir leis na dúshláin a bhí le sárú, dea-chleachtais, na ceachtanna a foghlaimíodh maidir le glacadh i gcomhthéacs phaindéim COVID-19. Áiríodh an méid seo a leanas san obair a cuireadh i gcrích - tástáil; cosc ionfhabhtuithe coróinvíris sna saoráidí glactha coiteanna; folláine mheabhairshláinte cónaitheoirí a fheabhsú; cóiríocht ghlactha nó áiseanna féinaonraithe nua le haghaidh iarratasóirí; agus 'straitéisí scoir' in áiseanna glactha.



# 4.3 Comhar le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí

Aistriú rathúil gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla EASP le haghaidh chomhaltaí cúirteanna agus binsí chuig seimineáir ghréasáin ar líne, mar fhreagairt don phaindéim agus do na srianta gaolmhara.

An chéad chruinniú de Linn Oiliúnóirí Breithiúnacha EASO, cruinniú ar fhreastail 40 comhalta ó 14 tír AE+ air.

Anailís bhreithiúnach nua agus tiomsú dlí-eolaíochta atá dírithe ar thopaic na leochaileachta i gcomhthéacs iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

Forbraíonn EASO ábhar forbartha gairmiúla breithiúnaí agus gníomhaíochtaí le haghaidh comhaltaí cúirteanna agus binsí, a bhfuil sé mar aidhm leis cur chun feidhme éifeachtach agus comhsheasmhach CEAS a chothabháil. Chuige seo, tá EASO freagrach as comhordú Líonra na gCúirteanna agus na mBinsí. Chomh maith leis sin, táirgeann EASO uirlisí ar ardchaighdeán chun tacú le cleachtóirí breithiúnacha lena gcúraimí laethúla agus le gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla a chur i gcrích, agus é mar aidhm idirphlé a spreagadh le agus idir páirtithe leasmhara breithiúnacha.

**Lean EASO leis an tSraith Forbartha Gairmiúla (SFG) in 2020, faoi théarmaí conartha a tugadh i gcrích le Cumann Idirnáisiúnta na mBreithiúna Dídeanaí agus Imirce:**

- Foilsiú anailís bhreithiúnach agus nóta teorach gaolmhar breithiúnach d'oiliúnóirí maidir le Glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.
- Foilsiú anailís bhreithiúnach, tiomsú dlí-eolaíochta agus nóta treorach gaolmhar oiliúnóirí breithiúnacha maidir le hEisiamh ó chosaint idirnáisiúnta, an 2ú heagrán.
- Cur i gcrích fhorbairt na hanailíse breithiúnaí, tiomsú dlí-eolaíochta agus nóta treorach oiliúnóirí breithiúnacha gaolmhar maidir le Leochaileacht i gcomhthéacs iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.


Lean EASO ag tacú le forbairt ghairmiúil chomhaltaí cúirteanna agus binsí i réimse na cosanta idirnáisiúnta ainneoin ráig COVID-19 trí thairbhe a bhaint as formáid ar líne ó Mhárta 2020 ar aghaidh.

- Ghlac 218 rannpháirtí páirt in ocht gceardlann forbartha gairmiúla, eagraíodh cúig cheardlann go cianda (Sraith Seimineár Gréasáin Forbartha Gairmiúla), lena n-áirítear láithreoireachtaí ó oiliúnóirí breithiúnacha, cleachtaí idirghníomhacha agus cás-staidéir. Ina measc bhí an chéad seimineár gréasáin a d'eagraigh EASO i gcomhpháirt leis an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach.

Ar mhaithe le dúshláin choiteanna a shainaithint agus dea-chleachtais a mhalartú, ar an 8 Bealtaine 2020 d'eagraigh EASO cruinniú téamach ar fhreastail 24 breitheamh ó thíortha AE+ 'agus níos faide anonn air a bhí dírithe ar eagrú éisteachtaí cúirte' agus obair bhreithiúnach i rith tréimhsí dianghlasála.

- Ar an 2 Iúil 2020, reáchtáil Líonra Cúirteanna agus Binsí EASO cruinniú ar líne chun eolas a bhailiú faoi na gníomhaíochtaí cianda nua atá deartha le haghaidh comhaltaí cúirteanna agus binsí. Pléadh tosaíochtaí le haghaidh 2020 agus níos faide anonn i bhfianaise fhorbairtí COVID-19 freisin.

Ar an 1 Nollaig 2020, d'eagraigh EASO an chéad chruinniú de Linn Oiliúnóirí Breithiúnacha EASO, cruinniú ar fhreastail 40 oiliúnóir breithiúnach ó 14 thír AE+ air. Phléigh EASO tionchar SFG ar oiliúint bhreithiúnach náisiúnta le rannpháirtithe mar aon le teicnící nuálacha chun tacú le cáilíocht agus for-rochtain ghníomhaíochtaí forbartha gairmiúla EASO



SDI Productions: iStock

# 5. OILIÚINT



Drazen Zigic: iStock

# 5.1 Curaclam oiliúna EASO

Mhéadaigh rannpháirtíocht i gCuraclam Oiliúna EASO 5 % in 2020 i gcomparáid le 2019.

Ar an iomlán, lean 4,276 duine aonair Curaclam Oiliúna EASO in 2020, a rinne ionadaíocht ar 6,967 rannpháirtíocht[4], agus oifigigh ó thíortha AE+ ba ea 79 %, comhaltaí foirne EASO ba ea 17 % agus náisiúnaigh tríú tíre ba ea 4 %.

Reáchtáladh 39 seisiún oiliúint don oiliúnóir (545 rannpháirtí) mar aon le 467 seisiún oiliúna náisiúnta agus eile (6,236 rannpháirtí).

Bhí tionchar ag paindéim COVID-19 ar ghnéithe éagsúla de ghníomhaíochtaí oiliúna EASO. Thart ar lár mhí Mhárta 2020, cuireadh na gníomhaíochtaí oiliúna aghaidh ar aghaidh ar fad ar fionraí mar bheart maolaithe. Lean EASO le mearmheasúnú agus mearthástáil a dhéanamh ar réitigh agus ar ghnéithe teicniúla cianda chun tacú le soláthar fíorúil na hoiliúna sioncronaí i bhfoirm seimineár gréasáin. Áiríodh anseo lámhleabhar nua don oiliúnóir a fhorbairt, mar aon le treoirlínte teicniúla le haghaidh oiliúnóirí agus oiliúnaithe.

Ainneoin na ndeacrachtaí agus na gcoinníollacha éagsúla atá ag eascairt ón athrú ó gcomhthéacs aghaidh ar aghaidh go comhthéacs fíorúil, chuir formhór na rannpháirtithe in iúl gur mheas siad go raibh an t-eispéireas oiliúna an-dearfach (ráta sástachta 84 %).


Ag teacht leis an treocht a tugadh faoi deara le blianta beaga anuas, bhí an líon is mó rannpháirtithe ag tabhairt faoi na Croímhodúil (Cuimsiú, Teicnící Agallaimh, Measúnú Fianaise) le haghaidh cásoifigeach tearmainn (51 % de na rannpháirtithe in 2020). Ina dhiaidh sin, thug an líon is mó rannpháirtithe faoin modúl Glactha (434; -7 % i gcomparáid le 2019) agus modúil a bhí dírithe ar Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta acu (Daoine Leochaileacha a chur faoi Agallamh) (412; +46 %), Inscne, Féiniúlacht Inscne agus Gnéaschlaonadh (409; +10 %), Leanaí a chur faoi Agallamh (328; -13 %) agus Gáinneáil ar Dhaoine (249; +37 %).

**Bunaíodh modúil nua in 2020 a bhí dírithe ar: Glacadh daoine leochaileacha Bhloc A agus Bhloc B; Sainaithint cásanna poitéinsiúla eisiaimh; agus Clárú iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.**


Ní raibh tionchar suntasach ag an bpaindéim ar úsáid Churaclam Oiliúna EASO ag leibhéal náisiúnta. Chuir an Fhrainc (+40 %), an Bheilg (+13 %) agus an Ghréig (+7 %), leis an úsáid atá á baint acu as modúil churaclam oiliúna EASO, agus níor cuireadh an oiread céanna modúl i gcrích san Fhionlainn (-7 %), sa Ghearmáin (-13 %), san Ísiltír (-16 %), san Iodáil (-20 %), agus sa tSualainn (-31 %).

*4- Is féidir le duine amháin freastal ar roinnt seisiún oiliúna.*


## An líon rannpháirtithe i modúil Churaclam Oiliúna EASO in 2020




## An Líon Rannpháirtithe i gCuraclam EASO: seisiúin oiliúna don oiliúnóir in 2020





# An líon rannpháirtithe i seisiúin náisiúnta agus seisiúin eile, 2020 i gcomparáid le 2019



# Curaclam Oiliúna EASO a fhorbairt

In 2020, lean EASO lena churaclam oiliúna a chomhdhlúthú agus a athstruchtúrú chun níos mó modúl a chlúdach le haghaidh oifigeach atá ag obair i réimse an tearmainn agus an ghlactha. Cuimsítear sa struchtúr nua seo torthaí foghlama soiléire a bhunú atá ailínithe le Creat Cáilíochtaí Earnálach na hEorpa (ESQF) agus cinntítear go bhfuil an fhoghlaim ábhartha do dhualgais agus do chúraimí na n-oifigeach tearmainn agus glactha.



Cuireadh ceithre mhodúl oiliúna i gcrích sa bhliain 2020 mar chuid den phróiseas athstruchtúraithe agus comhdhlúthúcháin:

- Glacadh daoine leochaileacha: leochaileacht a shainaithint agus tacaíocht tosaigh a sholáthar.
- Glacadh daoine leochaileacha: measúnú ar riachtanais agus dearadh idirghabhálacha.
- Cásanna féideartha eisiaimh a shainaithint.
- Iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú.

Cuireadh próisis uasghrádaithe na modúl oiliúna maidir le Measúnú ar Fhianaise agus na modúl a bhaineann le Cur i bhfeidhm clásal eisiamh i ndáil le daoine nach bhfuil cosaint idirnáisiúnta tuilte acu ('Eisiamh' roimhe seo) i gcrích. Chabhraigh Grúpa Tagartha Oiliúna EASO le dearadh, forbairt agus uasghrádú na bpróiseas trí chomhairliúcháin agus athbhreithniú ar an ábhar oiliúna.

Tionscnaíodh athstruchtúrú na modúl oiliúna maidir le Cuimsiú, Modh Agallaimh Tearmainn ('Teicnící Agallóireachta' roimhe seo), agus Measúnú ar Fhianaise in 2020, mar ullmhúchán le haghaidh seoladh na seisiún oiliúna deimhnithe in 2021.



# 5.2 Deimhniú agus creidiúnú

Bailíochtú caighdeán gairme agus oideachais le haghaidh oifigeach tearmainn.

Uirlis Mheasúnaithe ar Riachtanais Oiliúna EASO curtha i gcrích agus reáchtáilte ar bhonn píolótach.

Feabhsú cáilíochta i ndáil le Caighdeáin Eorpacha agus Treoirlínte le haghaidh Dearbhú Cáilíochta.

## Bailíochtú caighdeán gairme agus oideachais le haghaidh oifigeach tearmainn

Cláraíodh éachtaí suntasacha ar ESQF in 2020.

- Críochnú ESQF. In 2020, chuir grúpa tagartha a raibh UNHCR, an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha, agus Frontex páirteach ann, próiseas bailíochtaithe ESQF i gcrích, go háirithe, na caighdeáin ghairme agus oideachais le haghaidh oifigeach tearmainn agus glactha, atá bunaithe ag údaráis tearmainn agus ghlactha i dtíortha AE+ (a seoladh in 2019). Rinne an Mheitheal Deimhniúcháin agus Creidiúnaithe anailís ar an ionchur a cuireadh ar fáil, Meitheal a raibh baint aici leis an bpróiseas iomlán, agus ar an tslí sin, ESQF a chríochnú.

- Aistriú ESQF. Aistríodh na caighdeáin ghairme agus oideachais le haghaidh oifigeach tearmainn agus glactha chuig gach teanga den AE.

- Forbairt phrionsabal agus théarmaíocht ESQF. Forbaíodh doiciméad a thacaíonn le húsáideoirí ESQF struchtúr mhaitrísí na gcaighdeán gairme agus oideachais a thuiscint agus brí na téarmaíochta a shoiléiriú. Aistríodh an doiciméad seo chuig gach teanga AE.

- Físeán eolais ESQF a fhorbairt. Mínítear san fhíseán céard é ESQF agus conas agus cén fáth ar forbraíodh é. Chomh maith leis sin, léirítear san fhíseán seo conas atá caighdeáin ghairme agus oideachais le haghaidh oifigeach tearmainn agus glactha nasctha agus déantar cur síos ar chur i bhfeidhm ESQF i ndáil le dearadh agus forbairt oiliúint ábhartha agus conairí foghlama a bhunú le haghaidh oifigeach tearmainn agus glactha.

- Pacáiste faisnéise ESQF a ullmhú. Tá pacáiste faisnéise agus sraith straitéisí á n-ullmhú faoi láthair chun treoir a thabhairt do thíortha AE+ maidir le cur i bhfeidhm an chreata ina dtimpeallacht oiliúna.


## Uirlis Measúnaithe ar Riachtanais Oiliúna EASO curtha i gcrích agus reáchtáilte ar bhonn píolótach

Tá ESQF úsáidte chun Uirlis Riachtanas agus Measúnú Oiliúna (ETNAT) idirghníomhach agus sothuigthe le húsáid a fhorbairt.

Is ionann na cúraimí atá curtha i gcrích ag oifigigh tearmainn agus ghlactha agus an fhoghlaim atá riachtanach chun na cúraimí a chur i gcrích go héifeachtach de réir an CEAS arb ionann é agus algartam EASO ETNAT.

Tá cuspóir dúbailte ag ETNAT: cinntíonn sé gur féidir leis na hoifigigh tearmainn agus ghlactha a gcúraimí a chur i gcrích trí chonairí foghlamtha saincheaptha a sholáthar; agus cabhraíonn sé le lucht riaracháin thíortha AE+ bearnaí a shainaithint san oiliúint a theastaíonn ó oifigigh tearmainn agus ghlactha chun a gcúraimí a chur i gcrích go héifeachtúil, go comhsheasmach agus de réir chur chun feidhme CEAS.

*ETNAT- Ceithre chéim chun conair foghlama oiriúnach don fheidhm a bhunú*




## Feabhsú cáilíochta i ndáil le Caighdeáin Eorpacha agus Treoirlínte le haghaidh Dearbhú Cáilíochta

I rith 2020, chuir EASO obair shuntasach i gcrích le pointí teagmhála náisiúnta (PTNanna) agus leis an Meitheal um Dheimhniú agus um Chreidiúnú chun tuilleadh sainithe agus forbartha a dhéanamh ar an gcóras dearbhaithe cáilíochta le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna EASO. Is é toradh na hoibre seo dréacht-Chreat Dearbhaithe Cáilíochta Oiliúna (TQAF) ina ndéantar cur síos ar phríomhphrionsabail threoracha an chórais dearbhaithe cáilíochta seo. Tá sé beartaithe go gcinnteoidh an TQAF ailíniú iomlán le Caighdeáin agus Treoirlínte Eorpacha (ESG) le haghaidh Dearbhú

Cáilíochta i Réimse Ard-Oideachais na hEorpa, agus ag an am céanna sainordú agus misean sonrach EASO a bhreithniú.

Comhthreomhar leis seo, rinne EASO iarrachtaí suntasacha próisis mhionsonraithe a fhorbairt chun TQAF a chur chun feidhme i ngníomhaíochtaí oiliúna laethúla, agus i ndáil lena theagmhálacha le foghlaimeoirí agus le páirtithe leasmhara seachtracha. Tá na rialacha mionsonraithe seo á dtiomsú i Lámhleabhar Dearbhaithe Cáilíochta Oiliúna (TQAH), agus déanfar athbhreithniú leanúnach orthu i bhfianaise na gceachtanna atá foghlamtha, go háirithe i rith na gcéimeanna tosaigh cur chun feidhme.

Chomh maith leis sin, d’fhorbair EASO Plean um Aistriú chun na céimeanna a theastaíonn chun TQAF agus TQAH a chur chun feidhme. Áirítear sa Phlean um Aistriú seo plean cumarsáide d’fhonn a chinntiú go bhfuil an t-eolas is déanaí ag gach páirtí leasmhar agus go dtacaítear leo i rith an phróisis. Sa bhliain amach romhainn, díreoidh EASO ar TQAF agus TQAH a bhunú ar bhonn foirmiúil, mar aon le cur chun feidhme de réir a chéile phríomhbhloic thógála an chórais dearbhaithe cáilíochta feabhsaithe seo.




# 5.3 Ríomhfhoghlaim agus bainistíocht caidreamh custaiméirí

Uirlisí agus módúlachtaí ríomhfhoghlama a rolladh amach agus tacú le teacht in ionad oiliúint aghaidh ar aghaidh le seisiúin fhíorúla i gcláir oiliúna don oiliúnóir agus oiliúint oibríochtúil.

Uasghrádú agus athchóiriú iomlán Ardán Oiliúna EASO.

Próiseáladh agus tacaíodh le breis is 8,500 rollú i seisiúin oiliúna ar líne, agus sháraigh an líon iomlán úsáideoirí cláraithe uathúla ar Chóras Bainistíochta Foghlama EASO 14,000.

Bliain thar a bheith dúshlánach ba ea 2020 ar fud an domhain mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus na dúshláin gan choinne a chruthaigh bunú na mbeart sriantach. I réimse an tsoláthair oiliúna, chruthaigh sé seo gá práinneach táirgí agus próisis nua a shainaithint agus a úsáid chun tacú le cur chun feidhme Churaclam Oiliúna EASO, a chruthaíonn riachtanas méadaithe le haghaidh módúlachtaí ríomhfhoghlama le haghaidh oiliúint.

Bunaithe ar an éileamh méadaithe ar oiliúint ar líne i ndiaidh an chur isteach ar na seisiúin aghaidh ar aghaidh, chuir EASO mearmheasúnú agus tástáil de réitigh

theicniúla chianda agus gnéithe chun tacú le soláthar oiliúint shioncronach fhíorúil i gcrích. Idir Márta agus Meitheamh 2020, d'fhorbair EASO pacáiste oiliúna ina bhfuil treoirlínte tábhachtacha maidir le héascú fíorúil seimineár gréasáin, atá dírithe ar oiliúnóirí inmheánacha agus seachtracha, agus eagraíodh sraith seisiún oiliúna do bhaill foirne.

I rith 2020, chuir EASO dlús lena iarrachtaí a phríomhardán ar líne a fheabhsú le haghaidh Churaclam Oiliúna EASO - Córas Bainistíochta Foghlama EASO (CBF). Go sonrach, ar mhaithe le héifeachtúlacht, slándáil agus solúbthacht, ionduchtaíodh CBF ar bhonneagar TFC EASO.

Os a choinne sin, chríochnaigh agus sheol EASO dhá nós imeachta soláthair oscailte thábhachtacha a raibh Deasc Chabhrach agus Seirbhísí Cothabhála LMS agus forbairt inneachar ríomhfhoghlama i gceist leo (seirbhísí ceapadóireachta inneachair). Anuas air sin, i rith na ráithe deiridh den bhliain, chuir EASO tús le huasghrádú suntasach ar a Chóras Clárúcháin Oiliúna atá dírithe ar oiliúint a chur ar PTNanna i dtíortha AE+ agus úsáideoirí inmheánacha EASO, rud a bhí mar bhonn le tuilleadh uathoibrithe a dhéanamh ar phróisis riaracháin na rannpháirtíochta oiliúna.

# 5.4 Tacaíocht oiliúna eile

Sholáthair EASO Forbairt Ghairmiúil Leantach le haghaidh oifigeach tearmainn agus glactha le taithí, trína chinntiú go gcuirtear na huasghráduithe agus na nuashonruithe is déanaí ar mhodúil oiliúna ar fáil d'oifigigh.

Sa chreat seo, in 2020, sholáthair EASO seacht seisiún oiliúna cáilithe mar Fhorbairt Ghairmiúil Leantach, agus leagadh béim ar Agallaimh Phearsanta Chianda, mar aon le Cumarsáid agus faisnéis a chur ar fáil d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.


FG Trade: iStock

# 6. GNÍOMHAÍOCHTAÍ COTHROMÁNACHA



# 6.1 Comhar leanúnach le comhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta

Síníodh Socrú Óstála idir EASO agus an Ghréig i mí Eanáir 2020. Daingníodh agus tháinig an Socrú Óstála seo i bhfeidhm, i dteannta leis an Socrú Óstála idir EASO agus an Chipir (sínithe i Meán Fómhair 2019) in 2020.

Ar an 15 Meán Fómhair 2020, shínigh EASO agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) Plean Comhoibrithe don tréimhse 2020-2022. Faoi chreat uileghabhálach Chomhaontú Oibre 2014 idir EASO agus eu-LISA, cuireann an Plean Comhoibrithe gníomhaíochtaí comhpháirteacha idir EASO agus eu-LISA chun feidhme le haghaidh na tréimhse seo.

I mí na Samhna 2020, cuireadh Malartú Litreacha i gcrích idir EASO agus an Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Beartas Imirce (ICMPD), inar leagadh béim an athuair ar a dtiomantas comhpháirteach do dhlúthchomhar le agus do shonraí creata chomhpháirtigh chun comhoibriú maidir le nithe comhleasa a struchtúrú.

I rith 2020, lean EASO lena chaidreamh lena pháirtithe leasmhara ag leibhéil pholaitiúla agus theicniúla a threisiú. Chlúdaigh rannpháirtíochtaí EASP gach gné dá sainordú, lena n-áirítear na gnéithe inmheánacha agus seachtracha.

Chuige sin, chuir EASO go gníomhach le díospóireachtaí a reáchtáladh i gComhairle an AE, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach. Reáchtáladh plé déthaobhach, lena n-áirítear le húdaráis Ballstát, a chuir ar chumas na gníomhaireachta a cuid oibre a chur chun cinn agus aird a tharraingt ar na dúshláin a bhí le sárú. Chomh maith leis sin, lean EASO le dlúth-chomhordú le páirtithe leasmhara ábhartha i ndáil le cur chun feidhme a phríomhghníomhaíochtaí gnó.

Ghlac EASO páirt ghníomhach i roinnt cruinnithe agus imeachtaí eile, lena n-áirítear comhdhálacha agus seimineáir atá eagraithe ag eintitis dhifriúla maidir le hábhair a bhaineann le sainordú EASO. Leanadh le comhar le EMN freisin.



Rinneadh rannpháirtíocht ghníomhach a chothabháil le gníomhaireachtaí AE eile trí dhea-chleachtais a roinnt le Líonra Gníomhaireachtaí JHA agus Líonra Gníomhaireachtaí AE. Lean EASO ag comhoibriú le gníomhaireachtaí JHA eile trí chomhairliúcháin maidir le agus cur le doiciméid, táirgí agus tuarascálacha comhpháirteacha.


Leanadh leis an rannpháirtíocht le heagraíochtaí idirnáisiúnta (UNHCR, IOM, IGC, ICMPD). Cinntíodh go háirithe gur reáchtáladh cruinnithe rialta agus gur malartaíodh faisnéis go rialta idir oifig idirchaidrimh UNHCR agus ceanncheathrú EASO i Málta. Cuireadh Malartú Litreacha i gcrích le ICMPD, i ndiaidh comhairliúchán leis an gCoimisiún Eorpach.

Chomh maith leis sin, lean EASO lena rannpháirtíocht le tríú tíortha (féach Rannóg 1.6). Cuireadh dlús leis an bplé leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí maidir le Socrú Oibre agus Socruithe Riaracháin le haghaidh comhshuímh in dhá Thoscaireacht AE.

# 6.2 An Fóram Comhchomhairleach agus an tsochaí shibhialta




Seimineár gréasáin téamach maidir le tionchar COVID-19 ar thearmann san AE óstáilte ar an 23 Iúil 2020.



An 10ú hEagrán de chruinniú iomlánach ar líne Fhóram Comhchomhairleach EASO dar teideal 'EASO ansin agus anois: Éabhlóid ghníomhaíochtaí EASO le deich mbliana anuas agus peirspictíochtaí don todhchaí' a reáchtáladh ar an 13 agus 14 Deireadh Fómhair 2020.

Lean EASO ar aghaidh ag glacadh páirte i ndlúthphlé leis an tsochaí shibhialta trí chreat a Fhóraim Chomhchomhairligh agus trí ardán sochaí shibhialta EASO.



Reáchtáil an Fóram dhá chruinniú ar líne in 2020. Eagraíodh seimineár gréasáin théamaigh i mí Iúil maidir le tionchar COVID-19 ar thearmann san AE, agus ghlac breis is 80 eagraíocht sochaí sibhialta (CSOnna) páirt ann. Ina dhiaidh sin, i mí Dheireadh Fómhair 2020, eagraíodh an 10ú heagrán de chruinniú iomlánach bliantúil ar líne, agus ghlac thart ar 200 rannpháirtí páirt ann.

Sholáthair CSOnna 244 rannpháirtíocht eile mar fhreagairt do chomhairliúcháin EASO maidir le príomhdhoiciméid, lena n-áirítear Tuarascáil Bhliantúil EASO 2018 maidir le staid an Tearmainn; Clár Oibre 2021 EASO; Tuarascáil Bhliantúil 2019 maidir le Staid an Tearmainn; Tuarascáil Ghinearálta Bhliantúil EASO 2019; an Suirbhé maidir le cruinniú iomlánach an Fhóraim Chomhchomhairligh 2020; mar aon le hionchur i ndréachtchéim thosaigh na Tuarascála Tearmainn Bhliantúil 2020.

Chomh maith leis sin, lean roinnt CSOnna le páirt dhíreach a ghlacadh i gcruinnithe agus gníomhaíochtaí éagsúla EASO, mar shampla trí na grúpaí tagartha le haghaidh uirlisí oiliúna agus praiticiúla, trína mballraíocht i Líonra na Saineolaithe Leochaileachta, agus a rannpháirtíocht agus obair shaineolach ag cruinnithe, ceardlanna, comhdhálacha COI, mar aon le táirgí agus tuarascálacha COI.




# 6.3 Cumarsáid agus imeachtaí

Lean láithreacht EASO sna meáin shóisialta ar aghaidh ag fás. Cláraíodh méadú suntasach sa líon leantóirí meán sóisialta: Athrú céadtadáin +42 % ar Twitter, Facebook, LinkedIn, Instagram agus YouTube, agus athrú céatadáin +113 % sa mheánchlúdach míosúil.

Thaifead EASO dúbailt ina mheánchlúdach preasa don tríú bliain as a chéile. Shroich clúdach láithreacht phreasa EASO 16.2 billiún, méadú ó 8.2 billiún in 2019 (+ 97 %). In imeacht trí bliana (bhí an clúdach cothrom le 2.1 billiún in 2017), tá méadú 671 % tagtha ar chlúdach lucht féachana EASO.

Tugadh méadú suntasach faoi deara in acmhainní closamhairc freisin. De bhrí go bhfuil tomhaltas poiblí faisnéise ag brath níos mó agus níos mó ar inneachar closamhairc gairmiúil, reáchtáil EASO ocht bhfeachtas dhigiteacha, lena n-áirítear ‘Tá ár gcroí san obair’ agus ‘An Raibh a Fhios Agat?’. Ullmhaíodh dhá bheochan, i dteannta leis an gcéad fhíseán corparáideach riamh a chuir EASO i dtoll a chéile. Chomh maith leis sin, nuashonraigh an ghníomhaireacht a féiniúlacht chorparáideach.

Lean EASO le faisnéis shoiléir agus intuigthe a chur in iúl go soiléir maidir le gníomhaíochtaí na gníomhaireachta ionas go mbeidh EASO níos ábhartha don dioscúrsa poiblí. Ailíníodh gníomhaíochtaí cumarsáide le forbairtí in EASO, mar aon

le gníomhaíochtaí a bhain le beartas níos leithne an AE maidir le himirce agus tearmann.

Chumasaigh úsáid fhorleathan a bhaint as uirlisí cosúil le huirlisí closamhairc, inneachar gonta agus sothuigthe a chur ar fáil i dteannta le húsáid chomhionann a bhaint as na meáin shóisialta agus as mórmheáin (sreanga nuachta go háirithe) EASO chun dul i bhfeidhm ar phobal níos mó. Dá réir sin, thaifead EASO feabhas láidir eile i gclúdach a tháirgí cumarsáide lena n-áirítear oibríochtaí EASP agus a threochtaí tearmainn/táirgí sonraí. In 2020 bhí an clúdach preasa cothrom le 16.2 billiún (8.2 billiún in 2019).

Le cois méadú suntasach ar an gclúdach ar na meáin shóisialta (+113 %), tugadh an cháil a bhí ar EASO faoi deara sa mhéadú ar iarratais agus ar fhiosrúcháin phreasa ón bpobal.

Chomh maith leis sin, d'eagraigh EASO ceardlann théamach le gníomhaireachtaí AE chun cur chuige sineirgíoch i ndáil le físléiriú a chinntiú.

Chun aistriú réidh chuig a shainordú a chinntiú agus a chinntiú go bhfuil sé nasctha lena phobal ar bhealach níos físéifeachtaí, chuir EASO próiseas athbhrandála neamhfhoirmiúil i gcrích i rith 2020. Cuimsíodh sna gnéithe físiúla nua ciorcail agus línte dinimiciúla a dhéanann ionadaíocht ar dhathanna EASO agus an nasc atá aige lena pháirtithe leasmhara, atá ina shiombail ar idirghníomhaíocht agus nasc.

Chomh fada is a bhaineann le heagrú imeachtaí, chuaigh EASO in oiriúint go tapa do COVID-19, rud a chiallaigh nár cuireadh isteach an iomarca ar sholáthar agus ar sheachadadh seirbhíse. Áirítear i measc na samplaí suntasacha seoladh Thuarascáil Tearmainn EASO 2020, an tuarascáil ba rathúla go dtí seo chomh fada is a bhaineann le tinreamh agus clúdach meáin, an Fóram Comhchomhairleach agus seiminéir ghréasáin éagsúla.


Chomh fada is a bhaineann le cumarsáid inmheánach, roinneadh an t-eolas is déanaí le comhaltaí foirne EASO maidir le tearmann agus imirce san AE agus maidir le forbairtí, treoracha nó comhairle i bhfianaise scaipeadh leanúnach phaindéim COVID-19. Sa chomhthéacs sin, úsáideadh uirlisí cumarsáide inmheánacha tiomnaithe d'fhonn a chinntiú go raibh an fhoireann ar fad ar an eolas faoin méid a bhí ag tarlú.







# 7. RIALACHAS



In 2020, lean EASO leis na gníomhaíochtaí riachtanacha a chur i gcrích d'fhonn a chinntiú go raibh a chórais inmheánacha rialachais agus bhainistíochta á dtreisiú. B'ionann struchtúr eagraíochtúil nua EASO, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2020 agus a leasaíodh ar an 4 Mheán Fómhair 2020, agus céim chinntitheach i ndáil le ról treisithe na gníomhaireachta i gcur chun feidhme CEAS.

Go bunúsach, cuireadh san áireamh sa struchtúr nua freisin acmhainní daonna agus airgeadais a theastaíonn chun rialachas inmheánach EASO a threisiú. Chuige sin, rinneadh iarracht spriocdhírithe na hearnálacha atá freagrach as pleanáil, faireachán agus tuairisciú corparáideach; rialuithe inmheánacha agus ex-post, bainistíocht riosca; gnóthaí dlí; agus bainistíocht cáilíochta, a threisiú go suntasach.


Ar an 3 Feabhra 2020, glacadh le Cinneadh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin nuair a bunaíodh na rialuithe inmheánacha agus leis an bhfeidhm rialuithe ex-post in EASO. Is é príomhról na feidhme seo comhairle a sholáthar maidir le staid chórais rialaithe inmheánacha EASO trí thuarascálacha a eisiúint lena n-áirítear moltaí maidir le próisis agus nósanna imeachta a fheabhsú agus tacú le bainistíocht fhónta airgeadais. Chomh maith leis sin, foilsíodh Lámhleabhar le haghaidh Bainistíocht Riosca Calaoise i mí Aibreáin 2020, a úsáideadh mar threoir maidir le sainaithint agus measúnú rioscaí calaoise. Úsáideadh é seo mar bhonnsraith d'fhorbairt Straitéis Frithchalaoise EASO 2020-2022, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta an Chláir Riosca Calaoise, ar ghlac an Bord Bainistíochta leis ar an 6 Iúil 2020.

Ar an 26 Deireadh 2020, glacadh le Critéir Faireacháin an Chreata Rialaithe Inmheánaigh agus leis an Modheolaíocht Féinmheasúnaithe um Rialú Inmheánach le haghaidh 2020-2021. Chomh maith leis sin, tháinig Lámhleabhar Bainistíochta Riosca i bhfeidhm ar an 15 Nollaig 2020. Déantar cur síos cúramach sa lámhleabhar ar na róil, freagrachtaí agus céimeanna riachtanacha atá ag teastáil chun nós imeachta bainistíochta riosca éifeachtach a reáchtáil, a chlúdaíonn gach fearann agus gné den bhainistíocht.


Chomh maith leis sin, glacadh le roinnt nósanna imeachta tábhachtacha i rith na bliana, go háirithe Struchtúr Inmheánach agus Rialacha Nóis Imeachta EASO agus leis an mbuan-nós imeachta oibríochta maidir le dréachtú, athbhreithniú agus faomhadh doiciméad rialachais agus cinnteoireachta, mar aon le Cinneadh Stiúrthóra Feidhmiúcháin maidir le húsáid an Chórais gan Pháipéar agus Ríomhshínithe. Is céim thábhachtach é seo i ndáil le cleachtais riaracháin in EASO agus gnóthachain éifeachtúlachta a fheabhsú.



# IARSCRÍBHINNÍ



# A.1
# Cairt eagrúcháin EASO



# A.2
# Buiséad EASO sa bhliain 2020

*Tábla A.1: Cur chun feidhme bhuiséad Leithreasuithe faoi chomhair Gealltanas (LG) de réir foinse maoiniúcháin*


| Teideal Buiséid | Foinse Chiste | Buiséadaithe sa Bhliain (€) | Curtha chun feidhme sa Bhliain (€) | Sa Bhliain (%) |
|---|---|---|---|---|
| Teideal 1 – Caiteachas foirne | C1 | 33,731,661.00 | 31,068,444.16 | 92.10 |
| | C4 | 15,291.24 | 13,526.50 | 88.46 |
| | C5 | 2,986.73 | | 0.00 |
| | C8 | 1,950,030.02 | 1,253,972.46 | 64.31 |
| **Iomlán Theideal 1** | | **35,699,968.99** | **32,335,943.12** | **90.58** |
| Teideal 2 – Caiteachas bonneagair agus oibríochtúil | C1 | 14,514,869.00 | 13,442,931.63 | 92.61 |
| | C4 | 19,880.33 | | 0.00 |
| | C8 | 4,193,989.34 | 3,729,866.49 | 88.93 |
| | R0 | 10,213.40 | 1,000.00 | 9.79 |
| **Iomlán Theideal 2** | | **18,738,952.07** | **17,173,798.12** | **91.65** |
| Teideal 3 – Caiteachas oibríochtúil | C1 | 75,826,470.00 | 73,533,607.97 | 96.98 |
| | C4 | 39,426.00 | 20,168.00 | 51.15 |
| | C5 | 7,631.33 | 6,499.00 | 85.16 |
| | C8 | 17,143,871.66 | 14,676,419.45 | 85.61 |
| | R0 | 17,176,950.94 | 2,160,470.17 | 12.58 |
| **Iomlán Theideal 3** | | **110,194,349.93** | **90,397,164.59** | **82.03** |
| Teideal 4 – Tionscadail sheachtracha eile | R0 | 1,146,996.52 | 1,120,368.90 | 97.68 |
| **Iomlán Theideal 4** | | **1,146,996.52** | **1,120,368.90** | **97.68** |

*Tábla A.2: Cur chun feidhme Leithreasuithe faoi chomhair Íocaíochta (LA) de réir foinse maoiniúcháin*

| Teideal Buiséid | Foinse Chiste | Buiséadaithe sa Bhliain (€) | Curtha chun feidhme sa Bhliain (€) | Sa Bhliain (%) |
|---|---|---|---|---|
| **Teideal 1 – Caiteachas foirne** | C1 | 33,731,661.00 | 29,881,136.19 | 88.58 |
| | C4 | 15,291.24 | 13,348.92 | 87.30 |
| | C5 | 2,986.73 | | 0.00 |
| | C8 | 1,950,030.02 | 1,253,972.46 | 64.31 |
| **Iomlán Theideal 1** | | **35,699,968.99** | **31,148,457.57** | **87.25** |
| **Teideal 2 – Caiteachas bonneagair agus oibríochtúil** | C1 | 14,514,869.00 | 7,903,171.55 | 54.45 |
| | C4 | 19,880.33 | | 0.00 |
| | C8 | 4,193,989.34 | 3,729,866.49 | 88.93 |
| | R0 | 10,213.40 | | 0.00 |
| **Iomlán Theideal 2** | | **18,738,952.07** | **11,633,038.04** | **62.08** |
| **Teideal 3 – Caiteachas oibríochtúil** | C1 | 75,826,470.00 | 62,602,122.17 | 82.56 |
| | C4 | 39,426.00 | 20,168.00 | 51.15 |
| | C5 | 7,631.33 | 7,599.00 | 99.58 |
| | C8 | 0.00 | | 0.00 |
| | R0 | 17,176,950.94 | 860,287.74 | 5.01 |
| **Iomlán Theideal 3** | | **93,050,478.27** | **63,490,176.91** | **68.23** |
| **Teideal 4 – Tionscadail sheachtracha eile** | R0 | 1,146,996.52 | 479,464.45 | 41.80 |
| **Iomlán Theideal 4** | | **1,146,996.52** | **479,464.45** | **41.80** |

# A.3
# Foireann EASO

*Graf A.1: Ionadaíocht náisiúnta fhoireann EASO amhail ag an 31 Nollaig 2020*




*Graf A.2: Dáileadh fhoireann EASO de réir inscne amhail ag an 31 Nollaig 2020*

